AS/A LEIBHÉAL GCE

WJEC GCE AS/A LEIBHÉAL

# CORPOIDEACHAS

CEADAITHE AG CÁILÍOCHTAÍ NA BREATAINE BIGE

## SONRAÍOCHT



Le teagasc ó 2016

Le bronnadh ó 2017 (AS)
Le bronnadh ó 2018 (A-Leibhéal)

Leagan 2 Márta 2019

Níl an cháilíocht rialaithe seo de chuid Cháilíochtaí na Breataine Bige ar fáil d'ionaid i Sasana.

**Is é atá sa doiciméad seo, aistriúchán ar Chaibidil 2 agus 3 agus Aguisíní B agus C den tSonraíocht.**

# WJEC GCE AS agus A Leibhéal CORPOIDEACHAS

## Le teagasc ó 2016
## AS le bronnadh ó 2017
## A leibhéal le bronnadh ó 2018


| | | Leathanach |
|---|---|---|
| **1.** | **Inneachar** | **2** |
| | 1.1 AS Aonad 1 | 2 |
| | 1.2 AS Aonad 2 | 12 |
| | 1.3 A leibhéal Aonad 3 | 12 |
| | 1.4 A leibhéal Aonad 4 | 20 |
| **2** | **Measúnú** | |
| | 2.1 Cuspóirí measúnaithe agus ualú | 21 |
| | 2.2 Socruithe do mheasúnú neamhscrúdaithe | 22 |
| | **Aguisíní** | |
| | B: Liosta gníomhaíochta AS/A leibhéal GCE | 35 |
| | C: Scileanna cainníochtúla | 50 |

# AS AGUS A leibhéal GCE CORPOIDEACHAS

## ACHOIMRE AR AN MHEASÚNÚ

Tá an tsonraíocht seo roinnte ina 4 aonad, 2 aonad AS agus 2 aonad A2 san iomlán. Léirítear na hualuithe a luaitear thíos i dtéarmaí cháilíocht iomlán an A leibhéil.

**AS (2 Aonad)**

| | |
|---|---|
| **AS Aonad 1: Iniúchadh a dhéanamh ar an Chorpoideachas**<br>**Scrúdú scríofa: 1¾ uair an chloig**<br>**24% den cháilíocht** | **72 marc** |
| Chun measúnú a dhéanamh ar gach inneachar ábhair AS<br><br>**Cineálacha ceiste**<br>Ceisteanna comhthéacsaithe lena n-áirítear ilrogha, freagairt sonraí, freagraí gearra agus sínte | |
| **AS Aonad 2: Feidhmíocht phearsanta sa chorpoideachas a fheabhsú**<br>**Measúnú neamhscrúdaithe**<br>**16% den cháilíocht** | **48 marc** |
| Chun measúnú a dhéanamh ar<br>• feidhmíocht phraiticiúil i ngníomhaíocht **amháin** mar imreoir/taibheoir<br>• feidhmíocht phraiticiúil mar chóitseálaí **nó** mar oifigeach<br>• Próifíl Feidhmíochta Pearsanta | |

**Aonaid A leibhéil (aonaid AS móide 2 aonad eile)**

| | |
|---|---|
| **A2 Aonad 3: Measúnú ar an chorpoideachas**<br>**Scrúdú scríofa: 2 uair an chloig**<br>**36% den cháilíocht** | **90 marc** |
| Chun measúnú a dhéanamh ar gach inneachar ábhar A leibhéil<br><br>**Cineálacha ceiste**<br>Réimse ceisteanna ina n-áireofar freagairt sonraí, freagraí gearra agus freagraí sínte | |
| **A2 Aonad 4: Feidhmíocht phearsanta sa chorpoideachas a bheachtú**<br>**Measúnú neamhscrúdaithe**<br>**24% den cháilíocht** | **60 marc** |
| Chun measúnú a dhéanamh ar<br>• feidhmíocht phraiticiúil i ngníomhaíocht **amháin** mar imreoir/taibheoir, cóitseálaí **nó** oifigeach<br>• Taighde Imscrúdaitheach | |

© WJEC CBAC

# 1 INNEACHAR ÁBHAIR

In AS agus A leibhéal WJEC sa chorpoideachas cuirtear meascán comhleanúnach de cheithre réimse staidéir ar fáil:

**1.** Fiseolaíocht aclaíochta, anailís feidhmíochta agus traenáil
**2.** Síceolaíocht spóirt
**3.** Sealbhú scileanna
**4.** Spórt agus an tsochaí

Is féidir aon cheann de na réimsí staidéir a mheas in aon cheann de na haonaid. Is féidir an t-ábhar a mheas in aonaid 1 agus 3 mar chuid de na scrúduithe scríofa agus in aonaid 2 agus 4 mar chuid den anailís agus den luacháil ar fheidhmíocht. Cuireann an tsonraíocht ar chumas foghlaimeoirí tuiscint a fháil ar na hidirghaolmhaireachtaí idir na réimsí staidéir agus iad a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla.

**Scileanna Cainníochtúla**
Déanfar scileanna cainníochtúla a mheas in aonaid 1 agus 3 mar chuid de na scrúduithe scríofa agus in aonaid 2 agus 4 mar chuid den anailís agus den luacháil sna measúnuithe neamhscrúdaithe.

Féach Aguisín C le haghaidh tuilleadh sonraí ar scileanna cainníochtúla.

## 1.1 AS Aonad 1

**Corpoideachas a fhiosrú**
Scrúdú scríofa : 1¾ uair an chloig
24% de cháilíocht A leibhéil (60% de cháilíocht AS)
72 marc

Chun measúnú a dhéanamh ar gach ábhar AS

**Cineálacha ceiste**

Ceisteanna comhthéacsaithe lena n-áirítear ceisteanna ilroghnacha, freagairt ar shonraí, freagraí gearra agus sínte.

© WJEC CBAC

**Aonad 1**

Tá inneachar agus soiléiriú an ábhair leagtha amach in dhá cholún ar na leathanaigh seo a leanas. Níl aon ordlathas intuigthe san ord ina gcuirtear an t-inneachar i láthair, ná níor cheart go dtuigfí as fad na rannóg éagsúil gur léiriú é sin ar a dtábhacht choibhneasta.

**1. Fiseolaíocht aclaíochta, anailís feidhmíochta agus traenáil**

| Inneachar | Soiléiriú |
|---|---|
| **Anailís feidhmíochta sa spórt**<br>An próiseas cóitseála agus a theorainneacha: an gá atá le teicneolaíocht anailíse feidhmíochta.<br><br>Cur chuige cáilíochtúil agus cainníochtúil maidir le hanailís a dhéanamh ar fheidhmíocht: an modh ceart a roghnú agus sonraí a anailísiú.<br><br>Anailís físe: na buntáistí, na míbhuntáistí agus na húsáidí a bhaineann leis.<br><br>Tástáil aclaíochta: tástáil saotharlann-bhunaithe agus a cur i bhfeidhm.<br><br>Anailís nodaireachta: na buntáistí, na míbhuntáistí agus na húsáidí a bhaineann léi. | Cúiseanna a bhreathnaíonn cóitseálaithe ar fheidhmíocht agus a ndéanann siad anailís orthu agus na srianta a bhaineann le tuairimí fíor-ama a úsáid.<br><br>An dóigh a ndéanann cóitseálaithe anailís ar ghnéithe éagsúla na feidhmíochta (fisiceach, teicniúil, teaictic agus iompraíocht) ag baint úsáid as modhanna éagsúla.<br><br>An tábhacht a bhaineann le cineálacha éagsúla anailíse físe (scáileán scoilte, moillithe (slómó), agus anailís fráma) agus an ról a bhíonn aici maidir le hanailís a dhéanamh ar fheidhmíocht.<br><br>Buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le tástáil saotharlainne agus allamuigh. Samplaí de thástálacha saotharlainne ar a n-áireofar tástálacha $VO_{2max}$ agus tairseach lachtáite.<br><br>An dóigh le torthaí tástálacha aclaíochta a léirmhíniú m.sh. táblaí normatacha, torthaí tástála lúthchleasaithe roimhe seo.<br><br>Coincheapa ábharthachta, bailíochta agus iontaofachta.<br><br>An dóigh a bhféadfadh tástálacha a bhaineann go sonrach le spórt a bheith difriúil ó na tástálacha a dhéantar ar dhaoine aonair neamhghníomhacha, mar shampla tástáil uasta sainspóirt a úsáid.<br><br>Úsáid a bhaint as córais shimplí bailithe sonraí agus ríomhairithe. Anailís ar am agus ar ghluaiseachtaí agus córais rianaithe GPS. |
| **Luamháin**<br>Comhpháirteanna de chóras luamháin: maighdeog/buthal, iarracht agus ualach/ friotaíocht. Luamháin 1ú, 2ú agus 3ú hord.<br>Buntáistí agus míbhuntáistí meicniúla cineálacha éagsúla luamhán. | Cineálacha éagsúla luamháin le samplaí spóirt dá n-úsáidí ar nós gníomhartha gualainne agus uillinne m.sh. brúnna-suas, cromáin, gluaiseachtaí glúine agus rúitín m.sh. rith agus ciceáil |

© WJEC CBAC

| | |
|---|---|
| **Anailís ar ghluaiseacht i ngníomhaíochtaí fisiceacha**<br>Plánaí agus aiseanna rothlaithe: plánaí tosaigh, saighdeacha agus cothrománacha/ trasnacha an choirp.<br><br>Patrúin ghluaiseachta: aiseanna rothlaithe fada, cothrománacha/trasnacha agus tosaigh /tosaigh-deiridh.<br><br>Fleisceadh/síneadh, abduchtú /aduchtú, tiomduchtú, cromluí/droimluí, rothlú, bonnfhleisceadh/fleisceadh dorsi, fleisceadh cliathánach agus aduchtú agus aduchtú cothrománach | Patrúin ghluaiseachta éagsúla a tharlaíonn feadh phlánaí an choirp m.sh. fleisceadh/síneadh feadh an phlána shaighdigh<br><br>Patrúin ghluaiseachta agus a naisc le samplaí spóirt ábhartha do gach ceann acu. Patrúin ghluaiseachta a aithint le gníomhartha ar leith. |

© WJEC CBAC

| Inneachar | Soiléiriú |
|---|---|
| **Ailt agus comhaltúcháin**<br>Aicmiú na n-alt: snáithíneach, loingeánach agus sionóibhiach.<br><br>Cineálacha alt: insí, casadh sclóine, úll agus cuas, sleamhnach agus éileapsóideach. | An dóigh a n-aicmítear ailt de réir a raon agus cineál a ngluaiseachta.<br><br>Sainsamplaí spóirt de gach cineál ailt i mbun gnímh. An dóigh a bhfuil cineálacha alt nasctha le patrúin ghluaiseachta agus anailís á déanamh ar ghníomhaíochtaí spóirt. |
| **Córas cnámharlaigh mhatánaigh**<br>Forbhreathnú ar na córais chnámharlaigh: feidhmeanna agus an cnámharlach aiseach agus aipindiceach.<br><br>Struchtúr agus feidhmeanna matán cnámharlaigh. Mórmhatáin chnámharlaigh an choirp dhaonna.<br><br>Snáithíní matán: mallbhíogach (Cineál I) agus mearbhíogach (Cineál IIa agus IIb) agus a saintréithe gaolmhara.<br><br>Gníomh matán cealaitheach: príomhghluaisneoir (agónaí), antagónaí, fosaitheoir agus sineirgíoch.<br><br>Cineálacha crapthaí matáin: iseatonach; comhlárnach agus éalárnach, isiméadrach. | Cineálacha éagsúla cnámh agus ról ballnasc, teannán agus loingeáin.<br><br>Úsáid na matán seo a leanas a aithint agus samplaí dóibh sa spórt: uchtmhatán mór, dealtóideach, erector spinae, latissimus dorsi, trapezius, bícéips brachii, tríchéips brachii, matáin an bhoilg, gluteus maximus, ceathairchéips, teannán isocaide, tibialis tosaigh, gastrocnemius, soleus.<br>Ról na snáithíní matán éagsúla agus a saintréithe, an dóigh a dtéann siad i bhfeidhm ar fheidhmíocht spóirt.<br>Samplaí spóirt de chineálacha éagsúla gníomhartha matán cealaitheach agus crapthaí matán.<br>Na cineálacha crapthaí matán a chur i bhfeidhm i gcásanna spóirt.<br>Ní gá d'fhoghlaimeoirí a bheith eolach ar mhionsonraí micreascópacha na matán ná ar theoiric na bhfiliméad sleamhnáin. |
| **Modhanna ullmhúcháin agus traenála**<br>Gnéithe den aclaíocht: comhpháirteanna a bhaineann le sláinte (cumas aeróbach, neart matánach, seasmhacht mhatánach, comhdhéanamh coirp, solúbthacht) agus gnéithe a bhaineann le scileanna (aclaíocht, cothromaíocht, comhordú, luas, cumhacht agus aga freagartha).<br><br>Modhanna traenála: meáchan, leanúnach, fartlek, eatramh lena n-áirítear traenáil déine ard (*HIT*), pléiméadracht, ciorcad agus soghluaisteacht/solúbthacht.<br><br>Traenáil chomhshaoil.<br>Tréimhsiú.<br>Spriocanna a leagan síos. | Gnéithe éagsúla den aclaíocht agus a naisc le modhanna traenála agus le spóirt/gníomhaíochtaí ar leith.<br>Traenáil solúbthachta lena n-áirítear síneadh gníomhach, éighníomhach agus balaistíoch agus éascú néaramhatánach féinghabhálach (*PNF*).<br><br>Traenáil le meáchain mar bhealach chun neart/cumhacht/seasmhacht mhatánach a fhorbairt.<br><br>Traenáil in airde. Traenáil in agus le haghaidh aeráidí éagsúla<br>Macra, méisea agus micrea-thimthriallta a úsáid chomh maith le struchtúr na bliana traenála.<br>Saintréithe leagan síos spriocanna - Cur chuige SICRU (*SMART)* (sonrach, intomhaiste, comhaontaithe, réalaíoch, uainithe).<br>Tosca a théann i bhfeidhm ar leagan amach spriocanna agus a naisc le gníomhaíochtaí spóirt. Na buntáistí coibhneasta a bhaineann le spriocanna gearrthéarmacha/meántéarmacha agus fadtéarmacha chun feidhmíocht i ngníomhaíocht choirp a fheabhsú. |

© WJEC CBAC

| **Inneachar** | **Soiléiriú** |
|---|---|
| **Córais fuinnimh agus a gcur i bhfeidhm ar phrionsabail traenála**<br>Ról trífhosfáit adanóisín (*ATP*) agus an dóigh a ndéantar í a athchóiriú trí úsáid a bhaint as fosfáit créitín (córas *ATP-PC*), glicealú anaeróbach (córas aigéad lachtach) agus glicealú aeróbach.<br>Prionsabail na traenála: sainiúlacht, ró-ualach forásach, inchúlaitheacht agus athraitheas.<br><br>Córais fuinnimh agus a gcur i bhfeidhm agus cláir traenála á bpleanáil. | An córas fuinnimh is mó a úsáidtear maidir leis an gcineál aclaíochta.<br><br>Feidhmeanna sonracha phrionsabail na traenála trí úsáid a bhaint as % den uasiarracht, úsáid na n-amanna beachta le haghaidh aclaíochta agus téarnaimh agus cláir traenála shonracha á ndearadh.<br>An t-idirmhalartú idir tairseacha le linn gníomhaíocht choirp ag brath ar dhéine agus fad an chleachtaidh agus leibhéil aclaíochta an taibheora.<br>An tábhacht a bhaineann le heolas ar $VO_{2max}$ agus an tairseach anaeróbach.<br>**Níl** gá le cothromóidí fuinnimh ná eolas ar ghníomhartha einsíme.<br>**Ba chóir go mbeadh foghlaimeoirí ábalta**<br>Táblaí agus graif a léirmhíniú a léiríonn úsáid córas fuinnimh le linn cineálacha éagsúla gníomhaíochta coirp agus spóirt. |
| **Tuirse agus an próiseas téarnaimh**<br>An tábhacht a bhaineann le téamh éifeachtach agus le fuarú síos.<br><br>Cúiseanna tuirse agus a héifeacht ar ghníomhaíocht fhisiciúil agus ar fheidhmíocht spóirt.<br><br>Tús le carnadh lachtáite fola (*OBLA*) agus moill ar thús tinneas matánach (*DOMS*).<br>Farasbarr tomhaltas ocsaigine iar-fheidhmiúcháin (*EPOC*).<br><br>Tosca a d'fhéadfadh dlús a chur leis na próisis téarnaimh: fuarú gníomhach, folcadáin oighir, éadaí comhbhrúite, cothú agus forlíonadh agus suathaireacht agus a n-éifeachtaí ar théarnamh.<br><br>Athshlánú agus téarnamh. | Na buntáistí fiseolaíocha a bhaineann le téamh suas: teocht matánach méadaithe a mhéadaíonn leaisteachas snáithíní agus luas néar-ríog ag cuidiú le luas craptha na matán.<br>Soithigh fola a chaolú chun sreabhadh fola a mhéadú.<br>Na buntáistí fiseolaíocha a bhaineann le fuarú: táirgí dramhaíola ar nós aigéad lachtach a bhaint.<br>Ath-sháithiú mióglóibin le hocsaigin.<br>Naisc idir tuirse agus ídiú foinsí fuinnimh agus méaduithe ar aigéad lachtach (lachtáit).<br>Éifeachtaí díhiodráitithe agus cailliúint leictrilítí ar fheidhmíocht. Easnamh ocsaigine agus fiach ocsaigine.<br>An chéim téarnaimh neamhlachtach de *EPOC* (athsholáthar gasta - athchóiriú *PC*, agus ath-sháithithe mióglóibin) – cén dóigh a dtarlaíonn sé seo agus an t-am a thógann sé. An chéim téarnaimh lachtaigéid de *EPOC* (athsholáthar mall - athchóiriú taiscí glicigin i matáin agus aigéad lachtach a bhaint).<br>An tionchar a bhíonn ag fuarú ar bhaint aigéid lachtaigh agus cinniúint aigéid lachtaigh (Timthriall Cori) dé-ocsaíd charbóin agus uisce. Ról na straitéisí ar nós éadaí comhbhrúite agus folcadáin oighir chun cuidiú le téarnamh.<br>Brú, scíth, oighear, comhbhrú, ingearchló (*PRICE*) le haghaidh mionchineálacha agus leontaí.<br>Folcadáin oighir, sconna *kinesio*, pubaill hiopocsa, suathaireacht, leictriteiripe, pubaill ocsaigine. |

© WJEC CBAC

| **Inneachar** | **Soiléiriú** |
|---|---|
| **Aiste bia agus cothú agus feidhmíocht**<br>Comhábhair d'aiste bia chothrom: cion coibhneasta carbaihiodráite, saille agus próitéine. | Ról carbaihiodráití, saillte agus próitéiní go háirithe faoi mar a úsáidtear iad sa traenáil agus san fheidhmíocht. |
| Ciligiúil/iontógáil calrach agus cothromaíocht fuinnimh chun críocha sláinte agus feidhmíochta. | Bianna ina bhfuil cion ard, meánach agus íseal *GI* agus cén dóigh a bhféadfadh eolas glicéime a bheith tairbheach agus cláir chothaithe á bhforbairt le haghaidh feidhmíocht sláinte agus spóirt. |
| Feidhmeanna bunúsacha carbaihiodráití, saillte agus próitéiní maidir le feidhmíocht sláinte agus spóirt ar leith.<br>Innéacs Glicéime (*GI*). | Athruithe ar úsáid breosla bia le déine aclaíochta, fad aclaíochta agus leibhéil aclaíochta éagsúla. |
| Éagsúlachtaí in aistí bia le haghaidh gníomhaíochtaí agus spóirt éagsúla agus cineálacha traenála. | An tábhacht a bhaineann le béilí réamhiomaíochta agus an rud le hithe roimh, le linn agus i ndiaidh aclaíochta. |
| Hiodráitiú sa spórt agus na héifeachtaí díobhálacha a bhaineann le díhiodráitiú ar fheidhmíocht. Deochanna iseatonacha, hipeatonacha agus hipeartonacha. | Teicnící hiodráitithe roimh, le linn agus i ndiaidh aclaíochta lena n-áirítear tuiscint ar thoirteanna agus ar uainiú. |

© WJEC CBAC

## 2. Síceolaíocht spóirt

| Inneachar | Soiléiriú |
|---|---|
| **Pearsantacht**<br>Teoiricí pearsantachta; teoiricí tréithe, idirghníomhaíochta agus foghlaim shóisialta.<br><br>Cineálacha pearsantachta: eisdíritheach, indíritheach, socair agus néaróiseach, Cineál A agus Cineál B.<br><br>Próifíliú pearsantachta: breathnóireacht, ceistneoirí, agallaimh, próifíl na riochtaí giúmair (*POMS*). | An gaol idir teoiricí pearsantachta agus spórt.<br><br>Tionchair fhéideartha cineálacha pearsantachta ar fheidhmíocht spóirt.<br><br>Na modhanna éagsúla a úsáidtear i bpróifíl phearsantachta agus na buntáistí agus na teorainneacha a bhaineann le gach modh. |
| **Strus, spreagthach agus imní sa spórt**<br>Sainmhíniú ar strus, spreagthacht agus imní.<br><br>Teoiricí spreagthachta: teoiric treallúis, teoiric inbhéartaithe-U agus teoiricí tubaiste.<br><br>Crios feidhmiú optamach (*ZOF*) agus eispéiris bhuaicshreafa.<br><br>Tomhas ar strus, spreagthacht agus imní.<br><br>Modhanna chun strus, spreagthacht agus imní a rialú.<br><br>Cineálacha éagsúla imní. | An gaol idir strus, spreagthacht, imní agus feidhmíocht spóirt.<br><br>An gaol idir leibhéil spreagthachta agus feidhmíocht i scileanna éagsúla agus leibhéil éagsúla saineolais. Spreagthacht agus pearsantacht: éifeacht an lucht féachana.<br><br>Bearta fiseolaíocha spreagthachta (monatóireacht a dhéanamh ar ráta croí, ráta análaithe, freagra matánach, cur allais agus leibhéal hormónach) agus breathnóireacht rannpháirtithe agus ceistneoirí.<br><br>An tástáil imní chomórtas spóirt (*SCAT*) agus an fardal imní riocht iomaíoch (*CSAI-2*) a úsáid<br><br>Teicnící sómatacha amhail bith-aiseolas, análú agus scíth agus teicnící cognaíocha amhail socrú spriocanna, úsáid íomhánna agus féin-chaint.<br><br>Tréith agus imní stáit. |

© WJEC CBAC

| **Inneachar** | **Soiléiriú** |
|---|---|
| **Spreagadh**<br>Spreagadh intreach agus eistreach: úsáid luach saothair inláimhsithe agus doláimhsithe. | Na cúiseanna éagsúla le páirt a ghlacadh in aclaíocht agus i spórt agus na cúiseanna le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp. Na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le cineálacha éagsúla inspreagtha. |
| Spreagadh gnóthachtála agus naisc le pearsantacht agus staid. | Na naisc idir spreagadh gnóthachtála, féinmhuinín agus féin-éifeachtúlacht (Bandura, 1977). |
| Iomaíochas: spreagadh gnóthachtála a bhaineann go sonrach le spórt agus na naisc atá aige le himní bhuntréithe faoi iomaíocht. | An gá atá le gnóthachtáil (*NAch*)agus an gá atá le teip a sheachaint (*NAF*).<br><br>Spreagadh gnóthachtála a fhorbairt agus na himpleachtaí a bhaineann leis do thraenáil leanaí óga. |
| Féin-éifeachtúlacht, spreagadh agus féin-mhuinín. | Féin-éifeachtúlacht agus a dhíorthú ó fheidhmíocht roimhe seo, eispéiris ionadacha, áiteamh ó bhéal agus spreagthacht. Naisc le hobair ar fhorbairt dearcthaí dearfacha.<br><br>Cén dóigh a nascann féin-éifeachtúlacht lenár n-ionchais ratha agus an dóigh ar féidir le múinteoirí/cóitseálaithe féin-éifeachtúlacht a fhorbairt.<br><br>**Ba chóir go mbeadh foghlaimeoirí ábalta**<br>Léiriúcháin ghrafacha a bhaineann le teoiricí síceolaíochta spóirt a thuiscint agus a léirmhíniú. |

© WJEC CBAC

**3. Sealbhú** scileanna

| **Inneachar** | **Soiléiriú** |
|---|---|
| **Scil, cumas agus a n-úsáid i ngníomhaíocht phraiticiúil**<br>Sainmhínithe ar scil, cumas, foghlaim agus feidhmíocht. Saintréithe feidhmíocht oilte. | An ról a imríonn sealbhú scileanna ról sa rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil, samplaí den chuma a bheadh ar fheidhmíocht sciliúil. |
| Cumais: oll-luaile agus síceluaile. | Samplaí de chumais éagsúla a úsáidtear sa spórt. |
| Contanaim scileanna: falaireacht (inmheánach/ seachtrach), deacracht (casta/simplí), eagrúchán (íseal/ard), leanúnachas (scoite, sraitheach, leanúnach), rannpháirtíocht mhatánach (mion/ mór) agus tionchar comhshaoil (oscailte/dúnta). | An dóigh ar féidir aicmiú scileanna a úsáid chun cuidiú le teagasc agus le traenáil, mar shampla cleachtas athraitheach a úsáid le haghaidh scileanna oscailte. |
| **Próisis foghlama agus athróga**<br>Cuair foghlama/feidhmíochta: dearfach, diúltach, líneach agus léibheann. | Cuair foghlama éagsúla agus na cúiseanna féideartha le léibhinn agus an dóigh ar féidir le cóitseálaí a leithéid de theagmhas a shárú. |
| Teoiricí Foghlama: foghlaim bhreathnóireachta - léiriú, aird, coinneáil, atáirgeadh luaile, spreagadh, feidhmíocht meaitseála (*DARMMM*). | Teoiricí foghlama agus a naisc le cásanna praiticiúla spóirt. |
| Treisiú: dearfach, diúltach agus pionós; teoiric laghdaithe treallúis. | Cineálacha éagsúla athneartaithe agus cén dóigh a nascann siad le céimeanna foghlama. |
| Céimeanna foghlama (Fitts agus Posner): cognaíoch, comhcheangail agus uathrialach. | Na céimeanna éagsúla foghlama agus naisc le cuair foghlama agus modhanna cleachtais agus treorach. |
| Aistriú foghlama: dearfach/diúltach, réamhghníomhach/cúlghabhálach, déthaobhach. | Na cineálacha aistrithe agus an tionchar a bhíonn ag aistriú den sórt sin ar fheidhmíocht agus scileanna nua á bhfoghlaim. |
| Modhanna cleachtais: iomlán/cuid/cuid fhorásach; athraitheach/seasta; leanúnach/tréimhsiúil; cleachtadh agus cleachtas meabhrach. | Na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach cineál cleachtais agus a gcur i bhfeidhm praiticiúil (nasctha le contanaim scileanna agus le céimeanna foghlama). Na buntáistí a bhaineann le cleachtadh meabhrach. |
| Modhanna treorach – amhairc, briathartha, de láimh agus meicniúil. | Na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach ceann de na cineálacha treorach. Cén dóigh agus cén uair a úsáidtear na cineálacha treorach seo m.sh. d'úsáidfí treoir amhairc agus mheicniúil nuair a bhíonn taibheoir i gcéim chognaíoch na foghlama. |
| Cineálacha aiseolais: intreach, eistreach, eolas ar thorthaí, eolas ar fheidhmíocht. | Na buntáistí a bhaineann le haiseolas don taibheoir agus an dóigh ar féidir aiseolas a úsáid chun spreagadh, treisiú agus cur in iúl. Saintréithe an aiseolais éifeachtaigh. |

© WJEC CBAC

**4. Spórt agus an tsochaí**

| **Inneachar** | **Soiléiriú** |
| --- | --- |
| **Spórt, cultúr agus an tsochaí**<br>Sainmhínithe ar chultúr, sochaí agus institiúid shóisialta.<br><br>Ról an spóirt sa tsochaí. Spórt mar mhodh rialaithe shóisialta; mar institiúid shóisialta, mar mheicníocht sóisialaithe agus mar chineál d'fhéiniúlacht náisiúnta. | An tábhacht a bhaineann le spórt mar mheán chun luachanna sochaíocha agus cultúrtha a chur chun cinn, amhail (ach gan a bheith teoranta do) urraim don údarás, i gcomhréir le rialacha agus rialacháin agus tábhacht na hiomaíochta. An úsáid a bhaineann rialtais as spórt. |
| **Teacht chun cinn an spóirt nua-aimseartha**<br>Ról scoil phoiblí agus chóras ollscoile Shasana ón 19ú haois (trí chéim forbartha) i gcódú agus i gcuíchóiriú an spóirt nua-aimseartha.<br><br>An ghluaiseacht ó amaitéarachas go gairmiúlacht go tráchtálú an spóirt nua-aimseartha.<br><br>Amaitéarachas agus Oilimpeachas. Saincheisteanna bréagamaitéarachais.<br><br>Spórt a úsáid mar uirlis pholaitiúil. Baghcait, agóidí, taidhleoireacht agus féiniúlacht náisiúnta a chur chun cinn. | Tionchar Thomas Arnold ó Scoil Rugbaí, tábhacht an spóirt mar mhodh rialaithe shóisialta agus mar mheicníocht chun carachtar a thógáil agus ionracas morálta a fhorbairt. An dóigh ar scaipeadh spóirt ar fud an domhain.<br><br>An dóigh ar bhog teacht an lucht féachana agus airgead geata spórt i dtreo nua. Forbairtí i gcruicéad, rugbaí (deighilt sraithe agus ceardchumainn agus an plé ar athrú rithime) agus na Cluichí Oilimpeacha nua-aimseartha.<br><br>Cén tionchar a bhí ag gairmiúlacht ar eitic spóirt.<br><br>Cúiseanna le húsáid an spóirt mar uirlis pholaitiúil. Samplaí d'úsáid an spóirt ar chúiseanna polaitiúla ar nós cúirtéis na Cumhachta Duibhe sna Cluichí Oilimpeacha i Meicsiceo i 1968. |
| **Difreáil shóisialta taobh istigh den spórt**<br>Sainmhíniú ar shrathú sóisialta agus a úsáid sa spórt. Claontacht, steiréitíopáil agus idirdhealú i leith mionlaigh eitneacha, ban, daoine faoi mhíchumas agus daoine atá díothach ón taobh sóisialta de.<br><br>Bacainní ar rannpháirtíocht: saincheisteanna deiseanna, soláthair agus urraime do gach grúpa faoi mhíbhuntáiste.<br><br>Tosca eacnamaíocha agus socheacnamaíocha agus a dtionchar ar rannpháirtíocht agus ar ghnóthachtáil spóirt do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste.<br><br>Straitéisí chun rannpháirtíocht i measc grúpaí faoi mhíbhuntáiste a fheabhsú. | An tionchar a bhí ag deighiltí aicme ar an spórt. Ba cheart táscairí a bhaineann le hoideachas, suíomh, cultúr agus caipiteal sóisialta a fhiosrú mar bhealach chun patrúin rannpháirtíochta agus ghnóthachtála taobh istigh de spóirt éagsúla a mhíniú, amhail cúiseanna leis an rath díréireach ar bhuaiteoirí bonn, a fuair oideachas neamhspleách, ar Fhoireann na Breataine Móire i gCluichí Oilimpeacha Londain 2012.<br><br>Tuar féin-chomhlíontach. Lárnacht agus réamhrangú ciníoch agus a gcaidreamh le heaspa bainisteoirí agus cóitseálaithe dubha, Áiseacha agus ó mhionlaigh eitneacha (*BAME*).<br><br>Spórt mar bhealach le haghaidh soghluaisteacht shóisialta.<br><br>Tionchar na meán agus an tábhacht a bhaineann le heiseamláirí.<br><br>Trí bheartais athshlánaitheacha ar nós feachtais frithchiníochais amhail *Kick It Out*, cuireadh spóirt in oiriúint do dhaoine faoi mhíchumas; an tionchar ar na spóirt. |

© WJEC CBAC

## 1.2 AS Aonad 2

**Feidhmíocht phearsanta sa chorpoideachas a fheabhsú**
Measúnú neamhscrúdaithe
16% de cháilíocht A leibhéal (40% de cháilíocht
AS) 48 marc

Chun measúnú a dhéanamh ar:

- feidhmíocht phraiticiúil i ngníomhaíocht **amháin** mar imreoir/taibheoir agus mar chóitseálaí **nó** mar oifigeach
- Próifíl Feidhmíochta Pearsanta

1. **Feidhmíocht phraiticiúil mar imreoir/taibheoir**
Ní mór d'fhoghlaimeoirí na scileanna agus na teicnící ábhartha don spórt/ghníomhaíocht a léiriú agus a chur i bhfeidhm. Ba cheart gach gníomhaíocht a imirt faoi choinníollacha iomaíocha/foirmiúla.

2. **Feidhmíocht phraiticiúil mar chóitseálaí**
Ní mór d'fhoghlaimeoirí seisiún cóitseála a phleanáil agus a thabhairt mar chuid de chlár traenála.

3. **Feidhmíocht phraiticiúil mar oifigeach**
Ba chóir gurb iad na foghlaimeoirí an príomhoifigeach ina ngníomhaíocht roghnaithe i gcás iomaíoch. Tá na gníomhaíochtaí ina bhfuil sé inghlactha scoláire a mheas mar oifigeach le feiceáil in Aguisín B.

   Ní mór gur i gceann de na gníomhaíochtaí in Aguisín B atá faofa ag Cáilíochtaí na Breataine Bige a dhéantar an measúnú mar imreoir/taibheoir nó cóitseálaí oifigiúil.

4. **Próifíl Feidhmíochta Pearsanta**
Ní mór gur ar an ghníomhaíocht phraiticiúil roghnaithe a dhéantar anailís ar fheidhmíocht phearsanta. Ní mór inneachar ábhair teoiriciúil cuí a bheith ina dhlúthchuid de agus deis a bheith ag foghlaimeoirí scileanna cainníochtúla a léiriú.

## 1.3 A leibhéal Aonad 3

**Corpoideachas a mheas**
Scrúdú scríofa: 2 uair an chloig
36% den cháilíocht
90 marc

Chun measúnú a dhéanamh ar gach inneachar ábhair A leibhéal

**Cineálacha ceiste**
Réimse ceisteanna lena n-áireofar freagairt sonraí, freagraí gearra agus freagraí sínte.

© WJEC CBAC

## Aonad 3

Tá inneachar agus soiléiriú an ábhair leagtha amach in dhá cholún ar na leathanaigh seo a leanas. Níl aon ordlathas intuigthe san ord ina gcuirtear an t-inneachar i láthair, ná níor cheart go dtuigfí as fad na rannóg éagsúil gur léiriú é sin ar a dtábhacht choibhneasta.

### 1. Fiseolaíocht aclaíochta, anailís feidhmíochta agus traenáil

| Inneachar | Soiléiriú |
|---|---|
| **Freagraí gearrthéarmacha ar aclaíocht**<br>Dinimic Chairdiach: ráta croí, toirt buille agus aschur cairdiach. Meicníocht Frank-Starling agus freagairt fhéitheach.<br><br>Freagra cairdiach ar fheidhmiú: athruithe ar ráta croí, toirt buille agus aschur cairdiach. An timthriall cairdiach.<br><br>Rialú vasaluadrach: siúnt soithíoch agus freagairt fhéitheach.<br><br>Freagra riospráide ar dhéiní aclaíochta éagsúla.<br><br>Athruithe ar an gcóras néaramhatánach. | An dóigh a n-oibríonn an croí mar chaidéal déghníomhaíochta (cúrsaíocht shistéamach agus scamhógach) agus rialú agus rialáil an chroí trí úsáid a bhaint as an ionad rialaithe chairdiach (*CCC*) agus na néarchórais shimpiteacha agus pharaisimpiteacha. Ba cheart féachaint ar athruithe ar fhreagairt chairdiach maidir le déine aclaíochta agus leibhéil aclaíochta.<br><br>Struchtúr na soithigh fola (artairí, féitheacha agus ribeadáin), brú fola mar fheidhm d'aschur cairdiach agus friotaíocht in aghaidh sreabhaidh.<br><br>Ról na bhféinghabhdóirí, ceimeaghabhdóirí, teirmeaghabhdóirí  agus barraghabhdóirí.<br><br>Luas méadaithe ar tharchur de réir mar a théitear suas na matáin. Riocht socair agus $VO_{2max}$.<br><br>**Ba chóir go mbeadh foghlaimeoirí ábalta**<br>Sonraí agus graif a léirmhíniú a léiríonn freagraí gearrthéarmacha taobh istigh de chórais mhatánchnámharlaigh, chardashoithíocha, riospráide agus néar-mhatánacha le linn cineálacha éagsúla de ghníomhaíocht choirp. |
| **Oiriúnuithe fadtéarmacha i leith aclaíochta**<br>Córas matánchnámharlaigh: athruithe ar dhlús cnámh, loingeán agus ballnaisc altacha (nasctha le traenáil soghluaisteachta), hipeartróife mhatán, athruithe ar chineálacha snáithín, ramhrú teannán agus fórsa méadaithe crapthaí matáin.<br><br>Córas cardairiospráideach: bradacairde, hipeartróife chairdiach agus toirt buille (codán teilgin), athruithe ar thoirt scamhóg, idirleathadh scamhógach agus na héifeachtaí ar $VO_{2max.}$ | An dóigh a ndéanann modhanna éagsúla traenála (aeróbach agus anaeróbach) oiriúnuithe fadtéarmacha do chórais choirp agus na hathruithe fiseolaíocha a thagann de bharr traenála agus naisc le feabhsuithe ar fheidhmíocht. Éifeachtaí na haclaíochta ar ábhar mióglóibin, líon na ribeadán agus stórais ghlicigine.<br><br>**Ba chóir go mbeadh foghlaimeoirí ábalta**<br>Sonraí agus graif a léirmhíniú a thaispeánann oiriúnuithe fadtéarmacha taobh istigh de chórais mhatánchnámharlaigh, chardashoithíocha, riospráide agus néar-mhatánach le linn cineálacha éagsúla de ghníomhaíocht choirp agus spóirt. |
| **Aiste bhia agus cothú agus feidhmíocht**<br><br>Lódáil carbaihiodráití.<br><br>Ról an fhorlíonta sa spórt, idir ghnéithe dearfacha agus ghnéithe diúltacha. | An tábhacht a bhaineann le coincheapa agus uainiú i dtaca le hídiú, athsholáthar/lódáil agus maolú.<br><br>Úsáid agus mí-úsáid forlíontaí agus áiseanna eirgigineacha don traenáil: próitéin (meadhg agus cáiséin), úsáid créitín agus caiféine. |

© WJEC CBAC

| Inneachar | Soiléiriú |
|---|---|
| **Prionsabail bhithmheicniúla**<br>Trí dhlí gluaisne Newton: Dlíthe táimhe, luasghéarú agus gníomh/frithghníomh agus a gcur i bhfeidhm taobh istigh den spórt.<br><br>Móiminteam, tionchar agus spreagadh. spreagadh mar chainníocht veicteora. Fórsa – graif ama.<br><br>Cobhsaíocht: cothromaíocht chobhsaí, éagobhsaí agus neodrach. Tosca a théann i bhfeidhm ar chobhsaíocht – bonn tacaíochta agus lár na maise. | Dlíthe Newton agus a gcur i bhfeidhm taobh istigh de chomhthéacs spóirt.<br><br>Sainmhínithe ar phríomhthéarmaí agus an dóigh le faisnéis a léirmhíniú ó ghraf fórsa/ama taobh istigh de chomhthéacs spóirt.<br><br>Na tosca a mbíonn tionchar acu ar mhéid chomhéifeacht na frithchuimilte. |
| **Gluaisne líneach**<br>Suíomh, fad, díláithriú, luas, treoluas, luasghéarú agus a gcur i bhfeidhm ar spórt.<br><br>Díláithriú uilleach, treoluas agus luasghéarú.<br><br>Nóiméad táimhe agus caomhnú móiminteam uilleach. | Sainmhíniú ar phríomhthéarmaí agus an dóigh le faisnéis a léirmhíniú ó ghraif achar/am, luas/am agus treoluas/am agus ríomha a dhéanamh a bhaineann leis na coincheapa sin.<br><br>Sainmhíniú ar phríomhthéarmaí agus ríomha a dhéanamh a bhaineann le réada atá ag rothlú.<br><br>Na tosca a théann i bhfeidhm ar nóiméad táimhe: mais agus dáileadh maise faoi ais rothlaithe (ga gíorála). An ráta rothlaithe agus a naisc le cruth coirp. |
| **Gluaisne teilgin**<br>Domhantarraingt agus meáchan: tosca a théann i bhfeidhm ar eitilt ruda - treoluas, airde scaoilte agus friotaíocht aeir.<br><br>Fórsaí ardaithe. Rothlú: Éifeacht Magnus, prionsabal Bernoulli, difreálaigh bhrú agus fórsa Magnus. | Dlíthe Newton agus a n-úsáid chun cosán eitilte ruda a ríomh a leanann cuar parabóileach.<br><br>Prionsabal Bernoulli agus an dóigh ar féidir é a úsáid chun ardú aníos a mhíniú lena n-áirítear teasc nó fórsa ardaithe anuas lena n-áirítear cúinneáil Fhoirmle 1. Prionsabal Bernoulli a chur i bhfeidhm maidir le réada atá ag rothlú - fóirchiseal.<br><br>Fórsa Magnus agus an dóigh a gcinneann sé cosán agus preab réada atá ag rothlú - barr-rothlú, cúlrothlú, taobhrothlú/fiaradh. |
| **Meicnic shreabhach**<br>Frithchuimilt shreabhach: tosca a théann i bhfeidhm ar fhriotaíocht shreabhach - tarraingt.<br><br>Tábhacht a bhaineann le sruthlíniú sa spórt. | Friotaíocht aeir, sreabhadh suaite, tarraingt, sruthlíniú agus an tábhacht a bhaineann le sreabhadh lannach.<br><br>Tosca a théann i bhfeidhm ar shruthlíniú sa spórt (achar dromchla, éifeachtaí dromchla agus luas) agus sreabhadh lannach a úsáid sa rothaíocht agus sa tsnámh. Naisc le forbairt sa rothaíocht agus sa tsnámh chun friotaíocht aeir a laghdú.<br><br>**Ba chóir go mbeadh foghlaimeoirí ábalta**<br>Graif agus léaráidí a bhreacadh, a lipéadú agus a léirmhíniú agus sainmhínithe, cothromóidí, foirmlí agus aonaid tomhais a úsáid a bhaineann leis an inneachar bithmheicnice. |

© WJEC CBAC

## 2. Síceolaíocht spóirt

| Inneachar | Soiléiriú |
|---|---|
| **Dearcthaí**<br>Dearcthaí, neamhréireachtaí agus claontachtaí i gcásanna spóirt.<br><br>Comhpháirteanna na ndearcthaí: samhail thriadach (cognaíoch, mothaitheach agus iompraíoch).<br><br>Athrú dearcaidh. | Bunús na ndearcthaí: claontacht agus steiréitíopáil.<br><br>Samplaí spóirt ar leith d'úsáid na samhla triadaí.<br><br>Modhanna chun dearcthaí a athrú ó dhiúltach go dearfach m.sh. úsáid na míréire cognaíche agus an áitimh.<br><br>Na tosca a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar éifeachtacht na míréire cognaíche agus an áitimh. |
| **Ionsaí**<br>Sainmhínithe agus cineálacha ionsaithe: ionsaí naimhdeach agus uirlise agus iompar teanntásach.<br><br>Teoiricí ionsaí: teoiric instinne agus catairsis, hipitéis frustrachas-ionsaí; teoiric ciúghriogtha agus foghlaim shóisialta.<br><br>Cúiseanna ionsaithe.<br><br>Ionsaí a bhainistiú agus a rialú. | Cineálacha éagsúla ionsaithe taobh istigh de spóirt éagsúla. An difríocht idir ionsaí agus teanntás.<br><br>Teoiricí ionsaithe agus a naisc le samplaí spóirt ábhartha.<br><br>Na tosca a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le méaduithe ar ghníomhartha ionsaitheacha (m.sh. droch-réiteoireacht, teocht, slua claonpháirteach).<br><br>Straitéisí chun ionsaí a rialú, ó dhuine aonair agus ó eagraíocht araon. |
| **Éascú Sóisialta**<br>Éifeachtaí dearfacha agus diúltacha ar fheidhmíocht a bhaineann le lucht féachana a bheith i láthair.<br><br>Teoiricí an éascaithe shóisialta: teoiric treallúis, teoiric luacháil imní, teoiric mearaithe coimhlinte, teoiric féin-chur i láthair. Buntáiste páirce baile. | An dóigh ar féidir le comh-aisteoirí agus an lucht féachana araon cur le feidhmíocht spóirt nó cur ina coinne.<br><br>Teoiricí maidir le héascú sóisialta agus a naisc le samplaí spóirt.<br><br>Straitéisí is féidir a úsáid chun na héifeachtaí diúltacha a laghdú a bhaineann le lucht féachana a bheith i láthair. |

© WJEC CBAC

| Inneachar | Soiléiriú |
|---|---|
| **Dinimic ghrúpa agus Ceannaireacht**<br>Is iad na 6 atá ann (idirghníomhaíocht, idirspleáchas, caidrimh idirphearsanta, noirm/spriocanna/ luachanna comhionanna, féiniúlacht agus neamhspleáchas).<br><br>Foirmiú grúpaí/foirne: foirmiú, stoirmiú, normú agus feidhmiú.<br><br>Teoiricí comhtháthaithe grúpa: tasc agus comhtháthú sóisialta, comhtháthú grúpa agus táirgiúlacht ghrúpa.<br><br>Fadhbanna le próisis ghrúpa: caillteanais chomhordaithe agus inspreagtha. Saincheisteanna a bhaineann le méid an ghrúpa: éifeacht Ringlemann agus bodaireacht shóisialta.<br><br>Teoiricí na ceannaireachta: Teoiric an fhir mhóir (*Great man theory*), teoiric theagmhasach Fiedler, ceannairí ceaptha agus ceannairí atá ag teacht in inmhe.<br><br>Stíleanna ceannaireachta: uathlathach, daonlathach, *laissez-faire.*<br><br>Samhail iltoiseach Chelladurai den cheannaireacht.<br><br>Scála ceannaireachta don spórt (*LSS*). | Nádúr grúpa/foirne i dtéarmaí feasacht fhrithpháirteach, sprioc choiteann agus idirghníomhaíocht.<br><br>An dóigh a n-éiríonn grúpaí ina bhfoirne comhtháite agus straitéisí acu chun an próiseas seo a éascú.<br><br>Tosca inspreagtha taobh istigh d'fhoireann m.sh. aitheantas a thabhairt do dhaoine aonair as a gcuid gníomhartha (líon na dtaicilí a rinneadh), moladh ó dhaoine suntasacha eile, aiseolas dearfach.<br><br>An dóigh ar féidir le tionchair dhiúltacha a bheith ina gcúis le hiompar grúpa mífheidhmiúil agus easaontas grúpa a bheith ann dá bharr. An dóigh ar féidir bodaireacht shóisialta a shárú taobh istigh de chomhthéacs spóirt.<br><br>Naisc idir teoiricí na ceannaireachta le scileanna a theastaíonn le bheith i do cheannaire éifeachtach, mar shampla (ach ní go heisiach) cumarsáid éifeachtach le himreoirí, cóitseálaithe eile, agus eolas mionsonraithe ar an spórt nó ar an ghníomhaíocht.<br><br>Stíleanna ceannaireachta éagsúla agus na buntáistí agus na laigí a bhaineann le gach stíl.<br><br>Athruithe ar stíl ceannaireachta ag brath ar a) an suíomh b) tréithe ball c) pearsantacht an cheannaire. |
| **Teoiric na haitreabúideachta**<br>Teoiric na haitreabúideachta: cúiseanna inmheánacha /seachtracha agus cobhsaí/éagobhsaí a thugtar le torthaí.<br><br>Earráidí in aitreabúideacht: claonadh féinfhreastail, éifeacht an aisteora-breathnóra agus difríochtaí inscne. Dímrí fhoghlamtha agus a tionchar ar fheidhmíocht sa spórt agus ar mhíshástacht le spórt i measc daoine óga. | An fáth a dtugann baill foirne cúiseanna éagsúla le torthaí. Ba cheart na cúiseanna a thabhairt i gcomhthéacs shamhail Weiner.<br><br>Cúiseanna le dímrí fhoghlamtha agus straitéisí chun í a shárú. Atraenáil aitreabúideach.<br><br>**Ba chóir go mbeadh foghlaimeoirí ábalta**<br>Léirithe grafacha a bhaineann le teoiricí síceolaíochta spóirt a thuiscint agus a léirmhíniú. |

© WJEC CBAC

## 3. Sealbhú scileanna

| Inneachar | Soiléiriú |
|---|---|
| **Próiseáil Faisnéise**<br>Samhlacha próiseála faisnéise: samhlacha Welford agus Whiting. Ionchur céadfach, dearcadh, cinnteoireacht, cuimhne, aschur agus aiseolas. | An dóigh ar féidir leis na samhlacha seo cuidiú le cóitseálaí feidhmíocht a fheabhsú. |
| Próisis chuimhne: ról an stóir cuimhní gearrthéarmacha, cuimhne ghearrthéarmach, cuimhne fhadtéarmach agus aird roghnach. | An gaol idir cuimhne ghearrthéarmach agus fhadtéarmach. Straitéisí chun cuimhne a fheabhsú, mar shampla parsáil, samhlaoidí, comhcheangal, eagrú agus cleachtadh. |
| Aga frithghníomhúcháin, am gluaiseachta, am freagartha agus an tréimhse na dofhloscthachta síceolaíche. | Tosca a théann i bhfeidhm ar am freagartha m.sh. am frithghníomhúcháin shimplí/roghnach (Dlí Hick), taithí roimhe seo, réamh-mheas agus an dóigh ar féidir am freagartha a fheabhsú. |
| Cláir luaile agus fo-ghnáthaimh. | An dóigh a stóráiltear cláir luaile sa chuimhne fhadtéarmach. |
| Cineálacha Aiseolais: intreach, eistreach, eolas ar thorthaí, eolas ar fheidhmíocht. | Na buntáistí a bhaineann le haiseolas don taibheoir agus an dóigh ar féidir aiseolas a úsáid chun spreagadh, treisiú agus cur in iúl. Saintréithe an aiseolais éifeachtaigh.<br><br>**Ba chóir go mbeadh foghlaimeoirí ábalta**<br>Léirithe grafacha a bhaineann le teoiricí sealbhaithe scileanna a thuiscint agus a léirmhíniú. |

© WJEC CBAC

## 4. Spórt agus an tsochaí

| Inneachar | Soiléiriú |
|---|---|
| **Eitic agus claonaíocht taobh istigh den spórt**<br>Eitic spóirt: cothrom na Féinne, spóirt agus seiftiúlacht.<br><br>Claonaíocht sa spórt: coincheap an iompair atá ag teacht salach ar an norm. Claonaíocht choibhneasta agus dhaingean.<br><br>Cineálacha claonaíochta taobh istigh den spórt: faoi chomhfhoirmeacht, ró-chomhfhoirmeacht agus eitic spóirt Coakley.<br><br>Dópáil taobh istigh den spórt: úsáid, agus cúiseanna le húsáid drugaí neamhdhleathacha a fheabhsaíonn feidhmíocht agus modhanna neamhdhleathacha eile.<br><br>Straitéisí chun deireadh a chur le húsáid drugaí a fheabhsaíonn feidhmíocht sa spórt. | Samplaí de spóirt agus de sheiftiúlacht taobh istigh de réimse spóirt.<br><br>Samplaí ábhartha cothrom le dáta sa spórt de chineálacha éagsúla d'iompar claonta taobh istigh den spórt.<br><br>Cúiseanna le hiompar claonta: Claonaíocht agus tráchtálú, fonn chun buachana agus urraíocht.<br><br>Foréigean ar an pháirc agus taobh amuigh den pháirc agus na cúiseanna atá leis lena n-áirítear amhsóireacht.<br><br>Eitic na dópála agus ansin impleachtaí i leith na feidhmíochta agus i leith an spóirt.<br><br>An Ghníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála (*WADA*), nósanna imeachta le drugaí a thástáil agus pasanna bitheolaíocha. |
| **Spórt agus na meáin chumarsáide**<br>Feidhmeanna na meán sa tsochaí: cur in iúl, léirmhíniú, oideachas a thabhairt, siamsaíocht a chur ar fáil agus fógraíocht a dhéanamh.<br><br>Cineálacha meán taobh istigh den spórt.<br><br>An gaol siombóiseach idir spórt agus na meáin chumarsáide, tábhacht an triantáin órga.<br>Spórt mar bhealach chun steiréitíopaí a bhuanú. | An t-idirspleáchas idir na meáin agus tionscal an spóirt ag baint úsáid as samplaí ábhartha cothrom le dáta.<br><br>An méadú ar mheáin shóisialta taobh istigh den spórt.<br><br>Tionchar na meán cumarsáide ar spórt – teacht chun cinn an spóirt ar an teilifís, athruithe ar spórt lena chur in oiriúint do na meáin, ceiliúráin spóirt a chruthú.<br><br>Dráma a dhéanamh den spóirt: scéal gáifeach a dhéanamh de chomórtais spóirt, dúshaothrú gnéis ar mhná spóirt agus mórtas náisiúnta a chruthú. |
| **Spórt, tráchtálú agus domhandú**<br>Coincheap an spóirt mar thráchtearra.<br><br>Tomhaltachas – tionchair fhórsaí an mhargaidh/thionscal an spóirt.<br><br>Meiriceánú agus a thionchar ar spórt.<br><br><br><br><br><br><br><br>Domhandú (Giddens). Spórt agus cultúr domhanda. | An dóigh ar tháinig spórt chun cinn mar ghnó mór a bhfuil tionchar mór anois ag fórsaí an mhargaidh air.<br><br>Na bealaí éagsúla chun urraíocht a dhéanamh ar spórt agus iniúchadh a dhéanamh ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí a bhaineann le hurraíocht.<br><br>Feasacht branda agus forbairt margaidh earraí spóirt.<br><br>Urraíocht ar spórt: 'triantán órga' agus cineálacha éagsúla margaíocht spóirt.<br><br>Ba chóir d'fhoghlaimeoirí a thuiscint cad é an dóigh ar tháinig brandaí ar nós *Adidas* agus *Nike* chun cinn mar chuideachtaí móra ilnáisiúnta.<br><br>Sainmhíniú Gidden ar an domhandú agus an dóigh a mbaineann sé le spórt. |

© WJEC CBAC

| **Inneachar** | **Soiléiriú** |
|---|---|
| Trí leibhéal domhandaithe: comórtais spóirt dhomhanda a chruthú, cumarsáid satailíte a fhorbairt agus fás ar mhargadh na n-earraí spóirt (*Cashmore*).<br><br>Domhandú mar shásra gnóthachain airgeadais.<br><br>Iarmhairtí an domhandaithe – imirce dhomhanda na n-imreoirí, na gcóitseálaithe agus an tsaineolais; cruthú agus nádúr cáiliúil sár-réaltaí agus foirne domhanda. | Samplaí de dhomhandú spóirt ar nós an fás ar earraí spóirt - éabhlóid brandaí (Nike) agus comórtais dhomhanda ar nós (ach gan a bheith teoranta do) Corn na Náisiún san Afraic sa pheil, Príomhshraith na hIndia (*IPL*) sa chruicéad agus Príomhshraith sa pheil.<br><br>Naisc idir domhandú agus fás na meán – cearta eisiacha agus teilifís phríomhama lena n-áirítear clúdach na gCluichí Oilimpeacha.<br><br>Mar a thug an domhandú deis do na daoine sin a bhfuil cumhacht acu sa spórt a dtáirge a chur chun cinn ar ardán domhanda.<br><br>Na príomh-shaincheisteanna a bhaineann le himirce dhomhanda na n-imreoirí agus a héifeachtaí ar fhoirne náisiúnta. |
| **Ó oll-rannpháirtíocht go barr feabhais:**<br>Oll-rannpháirtíocht v barr feabhais. Pirimid forbartha an spóirt agus an contanam forbartha spóirt.<br><br>Rannpháirtíocht sa spórt. Forbhreathnú ar spórt iomaíoch i measc na cosmhuintire go dtí leibhéal na scoth-lúthchleasaithe agus an dóigh a n-athraíonn nádúr an chomórtais de réir mar a bhogann daoine aonair i dtreo scothleibhéil.<br><br>Próisis aitheantas tallainne agus tionscnaimh forbartha. Modhanna chun tallann a aithint. Struchtúr na Conaire Feidhmíochta den Chéad Scoth.<br><br>Struchtúir agus líonra spóirt na heagraíochta taobh istigh den Ríocht Aontaithe: soláthar náisiúnta agus áitiúil.<br><br>Conairí áineasa: rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil, tionscnaimh rialtais áitiúil agus náisiúnta, rannpháirtíocht gníomhaireachtaí sláinte. | Na príomhbhuntáistí a bhaineann le páirt a ghlacadh sa spórt ó thaobh an duine aonair agus an rialtais de.<br><br>Tosca a mbíonn tionchar acu ar rannpháirtíocht agus ar rogha stíl mhaireachtála lena n-áirítear difríochtaí aonair, teaghlach, cairde, oideachas, traidisiún, aois, soláthar, na meáin, airgeadas, íomhá choirp agus míchumas.<br><br>Tosca soch-chultúrtha a mbíonn tionchar acu ar ghluaiseacht idir na leibhéil éagsúla.<br><br>Ról straitéiseach Spórt na Ríochta Aontaithe chun barr feabhais a bhaint amach (lena n-áireofar tuiscint ar chuspóir Institiúid Spóirt na Ríochta Aontaithe); ról Spórt na Breataine Bige i gcur chun cinn an spóirt do chách; ról an Rialtais i bhforbairt an chorpoideachais agus an spóirt i scoileanna; agus ról na gcomhlachtaí náisiúnta rialaithe ENRanna (*NGBs*) i spórt an phobail agus i spórt ardfheidhmíochta araon.<br><br>**Ba chóir go mbeadh foghlaimeoirí ábalta**<br>Sonraí agus graif a bhaineann le rátaí rannpháirtíochta i ngníomhaíocht choirp agus i spórt a léirmhíniú. |

© WJEC CBAC

# 1.4 Aonad leibhéal 4

**Feidhmíocht phearsanta sa chorpoideachas a bheachtú**
Measúnú neamhscrúdaithe
24% den cháilíocht
60 marc

Chun measúnú a dhéanamh ar

- feidhmíocht phraiticiúil i ngníomhaíocht **amháin** mar imreoir/taibheoir, cóitseálaí **nó** oifigeach
- Taighde Imscrúdaitheach

1. **Feidhmíocht phraiticiúil mar imreoir/taibheoir**
Ní mór d'fhoghlaimeoirí na scileanna agus na teicnící cuí a theastaíonn don spórt/ ghníomhaíocht a léiriú agus a chur i bhfeidhm. Ba cheart gach gníomhaíocht a imirt faoi choinníollacha iomaíocha/foirmiúla.

2. **Feidhmíocht phraiticiúil mar chóitseálaí**
Ní mór d'fhoghlaimeoirí seisiún cóitseála forásach a phleanáil agus a sheachadadh mar chuid de chlár traenála.

3. **Feidhmíocht phraiticiúil mar oifigeach**
Ba chóir gurb iad na foghlaimeoirí an príomhoifigeach dá ngníomhaíocht roghnaithe i suíomh iomaíoch. Déanfar measúnú ar fhoghlaimeoirí i dtaca lena gcumas cinntí comhsheasmhacha agus cearta a dhéanamh.

Feictear in Aguisín B gníomhaíochtaí atá inghlactha maidir le measúnú mar oifigeach.

Ní mór measúnú mar imreoir/taibheoir, cóitseálaí nó oifigeach a bheith i gceann de na gníomhaíochtaí in Aguisín B atá faofa ag Cáilíochtaí na Breataine Bige.

4. **Taighde Imscrúdaitheach**
Ba chóir go gcuideodh an taighde leis an fhoghlaimeoir feidhmíocht phearsanta a fheabhsú mar imreoir/taibheoir, cóitseálaí nó oifigeach. Ní mór é a nascadh leis an ghníomhaíocht phraiticiúil roghnaithe agus taighde a bheith ann ar ábhar teoiriciúil cuí. Caithfidh sé deiseanna a thabhairt d'iarrthóirí scileanna cainníochtúla a léiriú.

© WJEC CBAC

# 2 MEASÚNÚ

## 2.1 Cuspóirí measúnaithe agus ualú

Seo thíos na cuspóirí measúnaithe don tsonraíocht seo. Ní mór d'fhoghlaimeoirí a gcumas a léiriú:

**CM1**
Eolas agus tuiscint a léiriú ar na tosca atá mar bhonn agus mar thaca ag feidhmíocht agus ag rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp agus i spórt.

**CM2**
Eolas agus tuiscint a chur i bhfeidhm ar na tosca atá mar bhonn agus mar thaca ag feidhmíocht agus ag rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp agus i spórt.

**CM3**
Anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar na tosca atá mar bhonn agus mar thaca ag feidhmíocht agus ag rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp agus i spórt.

**CM4**
- Scileanna agus teicnící ábhartha i ngníomhaíocht choirp agus i spórt a léiriú agus a chur i bhfeidhm.
- Anailís agus luacháil a dhéanamh ar fheidhmíocht.

Léirítear sa tábla thíos ualú gach cuspóra measúnaithe do gach aonad agus don cháilíocht an A leibhéil ina hiomláine.

| | CM1 | CM2 | CM3 | CM4 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **AS Aonad 1** | 8% | 8% | 8% | - | 24% |
| **AS Aonad 2** | - | - | - | 16% | 16% |
| **A2 Aonad 3** | 12% | 12% | 12% | - | 36% |
| **A2 Aonad 4** | - | - | - | 24% | 24% |
| **Ualú foriomlán** | 20% | 20% | 20% | 40% | 100% |

I gcás gach sraithe, déanfar measúnú ar scríbhneoireacht chruinn:

- i gceisteanna sonraithe a éilíonn scríbhneoireacht fhada sna scrúduithe scríofa d'aonaid 1 agus 3
- sa Taighde Imscrúdaitheach in Aonad 4

I scríbhneoireacht chruinn cuirtear san áireamh an úsáid a bhaineann an t-iarrthóir as sainteanga. Cuirtear litriú, poncaíocht agus gramadach an iarrthóra san áireamh fosta.

© WJEC CBAC

# 2.2 Socruithe maidir le measúnú neamhscrúdaithe

**Achoimre ar Aonad 2**

| Measúnú | Marcanna | Ualú A Leibhéil | Cuspóir Measúnaithe |
|---|---|---|---|
| Feidhmíocht phraiticiúil mar imreoir/taibheoir | 24 | 8% | CM4 |
| Feidhmíocht phraiticiúil mar chóitseálaí **nó** mar oifigeach | 12 | 4% | CM4 |
| Próifíl Feidhmíochta Pearsanta | 12 | 4% | CM4 |
| Iomlán | 48 | 16% | CM4 |

**Achoimre ar Aonad 4**

| Measúnú | Marcanna | Ualú | Cuspóir Measúnaithe |
|---|---|---|---|
| Feidhmíocht phraiticiúil mar imreoir/taibheoir, cóitseálaí nó oifigeach | 30 | 12% | CM4 |
| Taighde Imscrúdaitheach | 30 | 12% | CM4 |
| Iomlán | 60 | 24% | CM4 |

**Aonad 2**

1. **Measúnú ar fheidhmíocht phraiticiúil**
Ní mór iarrthóirí a mheas i gceann de na gníomhaíochtaí faofa mar atá leagtha síos in Aguisín B mar imreoir/taibheoir **agus** mar chóitseálaí **nó** mar oifigeach.

Is féidir iarrthóirí a mheas ag eatraimh i rith an chúrsa. Ba chóir gur léiriú fíor ar leibhéal feidhmíochta na n-iarrthóirí na marcanna deiridh a chuirtear isteach.

**Le haghaidh measúnaithe mar imreoir/taibheoir** ba chóir d'iarrthóirí:
cur i bhfeidhm scileanna/teicnící/straitéisí atá oiriúnach don phost/gníomhaíocht a léiriú i gcásanna atá éilitheach m.sh. i gcluichí le foirne beaga agus le foirne iomlána i gcomhthéacsanna iomaíocha/foirmiúla.

**Le haghaidh measúnaithe mar chóitseálaí**, ba chóir d'iarrthóirí:
seisiúin chóitseála a phleanáil agus a thabhairt atá oiriúnach le gnéithe sonracha den fheidhmíocht a fhorbairt. Ba chóir fianaise ar dhul chun cinn a bheith sna seisiúin.

**Le haghaidh measúnaithe mar iarrthóir oifigiúil**, ba chóir d'iarrthóirí:
a bheith mar phríomhoifigeach don ghníomhaíocht roghnaithe i suíomh iomaíoch/foirmiúil.

© WJEC CBAC

Ní mór don mhúinteoir na léirithe praiticiúla a mheas go hinmheánach trí úsáid a bhaint as na greillí measúnaithe in Aguisín A. Déanfaidh modhnóir cuairte modhnóireacht sheachtrach ar na léirithe. Is féidir le hiarrthóirí gníomhaíocht taobh amuigh den láthair a thairiscint le haghaidh measúnaithe.
Is é atá i gceist le gníomhaíochtaí taobh amuigh den láthair iad siúd nach dtarlaíonn ar champas na scoile/an choláiste agus áit a mbeadh sé deacair modhnóireacht "bheo" a dhéanamh ar lá na modhnóireachta. Ní mór fianaise chuí DVD/dhigiteach a bheith ann do gach gníomhaíocht a dhéantar taobh amuigh den láthair. Caithfidh múinteoirí measúnú a dhéanamh ar gach gníomhaíocht agus bileoga marcála a bheith sínithe ag múinteoirí.

© WJEC CBAC

**Tabhair faoi deara, lena chinntiú gur féidir le hionaid athbhreithniú a dhéanamh ar thoradh na modhnóireachta, agus rochtain a bheith acu ar na fiosrúcháin faoi sheirbhís torthaí, ní mór do gach ionad taifeadadh closamhairc a dhéanamh de na léirithe go léir a fheictear ar lá na modhnóireachta.**

I ndiaidh modhnóireachta, ba cheart an taifeadadh closamhairc a sheoladh chuig WJEC taobh istigh de sheachtain amháin ón chuairt mhodhnóireachta. Coinneoidh WJEC é ar feadh fada go leor le gur féidir fiosrúcháin ábhartha faoi thorthaí agus achomhairc a chur i gcrích.

**Coigeartuithe réasúnta**
Ní mór aon socruithe sonracha rochtana a chomhaontú sula ndéantar an measúnú. Tá socruithe rochtana deartha le gur féidir measúnú a dhéanamh ar fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais, míchumais nó gortuithe sealadacha acu.

Déanfaidh WJEC coigeartuithe réasúnta i gcás ina mbeadh iarrthóir faoi mhíchumas faoi mhíbhuntáiste suntasach murach sin i gcomparáid le duine nach bhfuil faoi mhíchumas. Le socruithe rochtana, beifear ábalta coigeartuithe réasúnta a dhéanamh. Cé gurb é riachtanais an fhoghlaimeora ceann de na príomhábhair imní a bhaineann le socruithe oiriúnacha rochtana, áfach, is gá a chinntiú nach gcuirtear sláine an mheasúnaithe i mbaol.

Ní mór d'ionaid ar mian leo iarratas a dhéanamh ar choigeartuithe réasúnta é sin a dhéanamh trí *Shocruithe rochtana ar líne ar* an chéad dul síos. I gcás gortuithe, ba cheart teagmháil a dhéanamh le WJEC a luaithe agus is féidir. Beidh a fhios ag na foghlaimeoirí ansin chomh luath agus is féidir cad iad na socruithe rochtana atá i bhfeidhm.

Bainfidh aon choigeartú réasúnta atá údaraithe leis an mheasúnú inmheánach a dhéanann múinteoirí agus le lá na modhnóireachta araon. Cuirfear an modhnóir cuairte ar an eolas faoi na coigeartuithe roimh an chuairt agus comhlíonfaidh siad aon socruithe atá i bhfeidhm.

Tabhair do d'aire nach ndéanfar coigeartú ach amháin má mheastar go bhfuil sé *réasúnta* m.sh. mura ndéanann sé difear do shláine an mheasúnaithe, mura gcuireann sé costais mhíréasúnta ar WJEC ná mura mbíonn tionchar míréasúnta aige ar fhoghlaimeoirí eile.

Is féidir sonraí iomlána a fháil i rialacháin agus i dtreoir maidir le Socruithe Rochtana agus Coigeartuithe Réasúnta ag http://www.jcq.org.uk/exams-office/access-arrangements-and-special-consideration/regulations-and-guidance a nuashonraítear ar bhonn bliantúil.

© WJEC CBAC

**Léirithe praiticiúla a thaifeadadh**

Baineann an treoir seo a leanas le gach cás nuair a bhíonn fianaise thaifeadta de dhíth, áirítear leis seo fianaise ar ghníomhaíochtaí taobh amuigh den láthair a scannánaíodh roimh lá na modhnóireachta agus na gníomhaíochtaí go léir a taifeadadh le linn chuairt an mhodhnóra.

Le cinntiú go mbíonn fianaise iomchuí ann le haghaidh a measúnaithe, tá sé riachtanach go gcloífí leis na nósanna imeachta seo a leanas:

- Ba cheart na hiarrthóirí uilig a thabhairt isteach ag tús gach léirithe/taibhithe lena n-ainm, a n-uimhir iarrthóra a thabhairt agus, más cuí, an dóigh a n-aithneofar iad le linn na feidhmíochta m.sh. 4 gorm i gcluiche foirne
- Ba cheart an fhianaise a chur ar fáil i bhformáid atá éasca le rochtain amhail DVD ionas gur féidir leis an mhodhnóir an taifeadadh a fheiceáil go furasta agus gur féidir le WJEC úsáid a bhaint as chun críocha modhnóireachta /caighdeánaithe
- Ba cheart go mbeadh cur amach ag an taifeadóir ar na critéir mheasúnaithe lena chinntiú go dtaifeadtar gach gné de riachtanais an mheasúnaithe. Chuige sin b'fhéidir gur ghá úsáid a bhaint as seatanna leathanuilleacha chomh maith le seatanna gar-amhairc ag brath ar an ghníomhaíocht atá á scannánú
- I ndiaidh an mheasúnaithe seiceáil na taifeadtaí, déan cóip chúltaca díobh
- Sábháil an taifeadadh agus taispeáin go soiléir uimhir an ionaid agus an cháilíocht

**Cluichí foirne a thaifeadadh**

Le haghaidh cluiche iomlán ba chóir don cheamara an imirt a leanúint cé go bhféadfaí, i gcomhphlé le modhnóirí, daoine aonair a leanúint ar feadh cuid den tréimhse imeartha. Cé go n-éilíonn WJEC measúnú i gcás cluiche iomlán aithnítear na deacrachtaí a bhaineann le go leor fianaise a scannánú. Dá bhrí sin, moltar go ndéanfaí léirithe i gcásanna foirne beaga/oiriúnuithe a scannánú fosta chun cur leis an fhianaise ón chluiche iomlán.

**Snámh a thaifeadadh i linnte poiblí**

Má tá linn snámha phoiblí le húsáid, ba chóir d'ionad dul i dteagmháil le bainistíocht na linne chun socruithe a phlé. Má dhéantar scannánú i linn phoiblí ba chóir na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint:

- Cloí go docht le treoirlínte/beartas na linne maidir le taifeadadh
- Ní mór cead a fháil ó thuismitheoirí/chaomhnóirí na rannpháirtithe
- Ba cheart úsáideoirí eile na linne a chur ar an eolas agus iad toiliú leis an taifeadadh (féadfar é sin a dhéanamh mar chuid de threoirlínte/bheartais na linne féin)

Tá sé de fhreagracht ar an ionad fianaise a chur ar fáil i leith gach iarrthóra; beo ag modhnóireacht nó ag gníomhaíocht a thaifeadtar taobh amuigh den láthair. Dá bhrí sin, má tharlaíonn sé go mbíonn na deacrachtaí a bhaineann le taifeadadh ag linnte poiblí dosháraithe, **níor** cheart iarrthóirí a iontráil le haghaidh measúnaithe sa tsnámh.

© WJEC CBAC

**2. Measúnú ar Phróifíl Feidhmíochta Pearsanta**

Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm ag an Phróifíl Feidhmíochta Pearsanta moltaí a thabhairt a chuirfeadh feabhas ar fheidhmíocht sa ghníomhaíocht phraiticiúil atá á meas. Caithfidh an múinteoir an phróifíl feidhmíochta pearsanta a mheas go hinmheánach ag baint úsáid as an ghreille measúnaithe ábhartha in Aguisín A.

Trí mheasúnú neamhscrúdaithe a dhéanamh ar anailís agus ar luacháil ar fheidhmíocht phearsanta, cuirtear ar chumas iarrthóirí:

- tabhairt faoi léitheoireacht níos leithne le linn an chúrsa
- tosca a fhiosrú a d'fhéadfadh cuidiú le feabhas a chur ar fheidhmíocht iarrthóirí iad féin
- iniúchadh a dhéanamh ar naisc idir teoiric agus cleachtas

Tá sé tábhachtach go ndéanfadh ionaid machnamh cuí ar an mheasúnú scríofa neamhscrúdaithe lena chinntiú go mbaineann siad leas iomlán as an deis le ligean d'iarrthóirí neamhspleáchas a thaispeáint mar aon leis na scileanna sin atá riachtanach chun gnóthachtáil ag na leibhéil feidhmíochta is airde.

**Líon Comhairleach Focal**

Is 1500-2500 focal an líon comhairleach focal a mholtar.

Táthar ag súil go leanfaidh iarrthóirí na treoirlínte maidir le fad na hoibre mar atá luaite sa tsonraíocht seo. Is dócha go ngearrfar pionós ar iarrthóirí a thairgeann obair atá róghearr ó tharla nach féidir clúdach cuí a dhéanamh ar na cuspóirí measúnaithe riachtanacha. Gearrtar pionós ar iarrthóirí a sháraíonn an líon comhairleach focal de cheal beachtais agus fócais.

Ba chóir d'iarrthóirí an líon iomlán focal a thaifeadadh ar an bhileog chumhdaigh.

**Am**

ba chóir go leor ama a thabhairt chun cur ar chumas iarrthóirí na céimeanna seo a leanas a chur i gcrích:

1. Féinanailís tosaigh ar fheidhmíocht a shainaithníonn gnéithe is gá a fheabhsú.
2. Socraítear spriocanna le haghaidh feabhsúcháin bunaithe ar an fhéinanailís tosaigh agus ar an anailís ar theoiric ábhartha.
3. Anailís ar shonraí a ghintear, i ndiaidh an clár traenála a chur i gcrích.
4. Luacháil ar an chlár traenála le moltaí chun feidhmíocht a fheabhsú sa todhchaí.

Molann WJEC go bhfuil **ceithre uair an chloig measúnaithe** riachtanach le haghaidh féinanailíse agus pleanála. Is féidir iad sin a dhéanamh go neamhspleách gan maoirseacht dhíreach.

I ndiaidh an fhéinanailís a chríochnú, ba cheart tréimhse **10 seachtaine** ar a laghad a cheadú d'fhoghlaimeoirí an clár traenála a chur i gcrích. Le linn na tréimhse sin ba chóir d'fhoghlaimeoirí monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn féin.

© WJEC CBAC

I ndiaidh an clár traenála a chur i gcrích, ba cheart ansin an luacháil a dhéanamh. Dar le WJEC go bhfuil **ceithre uair an chloig measúnaithe** riachtanach don luacháil nach mór a dhéanamh faoi mhaoirseacht an mhúinteora. Ba chóir gur leor **ocht** n-uair an chloig san iomlán le freastal ar an líon chomhairleach focal de 1500-2500 focal.

**Treoir**
Ní mór do mhúinteoirí a chinntiú gur leor na sonraí tosaigh a bhailítear agus go gcuirtear i bhfeidhm iad ar an ghníomhaíocht phraiticiúil a ndéantar measúnú uirthi. Is féidir le múinteoirí comhairle chineálach a thabhairt maidir le bailiú sonraí ach gan a thabhairt le fios cén dóigh ar féidir feabhsuithe a dhéanamh. Ba chóir do mhúinteoirí a sheiceáil go rialta gur lean iarrthóirí an clár traenála atá beartaithe.

**Admhálacha**
Ní mór tagairtí d'fhoinsí a aithint go soiléir: trí thagairt dhíreach má úsáidtear sliocht athfhriotail; agus **trí leabharliosta iarcheangailte.** Níor cheart an leabharliosta a chur san áireamh mar chuid de líon na bhfocal comhairleach.

**Dréachtú**
Is féidir le múinteoirí treoir a thabhairt maidir le hathdhréachtú na hoibre ach ba chóir gur tuairimí ginearálta amháin í sin. A luaithe agus a chuirfear an anailís agus an luacháil isteach ar deireadh agus a mharcáiltear í, ní féidir an obair a athbhreithniú tuilleadh.

**Bradaíl**
Ní mór d'ionaid a bheith ar an airdeall agus diúltú marcanna a bhronnadh ná a chur isteach le haghaidh modhnóireachta i gcás obair ar bith a mheasann siad nach leis an iarrthóir féin í. Gearrfar pionós ar iarrthóirí as iarracht ar bith ar bhradaíl a dhéanamh. Tá comhairle agus treoir ghinearálta le fáil ar láithreán gréasáin JCQ faoin rud a dhéantar má bhíonn amhras ann go bhfuil bradaíl déanta.

**Fíordheimhniú**
Tá sé tábhachtach go ndéanfadh ionaid dianmhonatóireacht ar gach measúnú neamhscrúdaithe lena chinntiú gur leis na hiarrthóirí a gcuid oibre go léir. Nuair a bheas an obair curtha i gcrích, ní ceadmhach í a chur ar ais chuig iarrthóirí chun aon athruithe a dhéanamh. Caithfear an obair a choinneáil slán taobh istigh den ionad.

- Ní mór do gach iarrthóir ráiteas fíordheimhnithe a shíniú a dhearbhú gur leis/léi féin an fheidhmíocht phraiticiúil agus gur leis/léi an anailís agus an luacháil.
- Ní mór do na hionaid a chomhshíniú go bhfuil gach beart réasúnta déanta acu chun é seo a bhailíochtú.
- Ní mór síniú barántúil múinteora a úsáid; agus é a bheith comhshínithe ag ball sinsearach foirne. Ní ghlacfar le síniú scanta ná leictreonach.
- Ní mór doiciméadúchán a chomhlánú d'obair na n-iarrthóirí go léir, ní hamháin dóibh siúd a roghnaítear don tsampla a bheas le feiceáil ag an mhodhnóir.
- Beidh na doiciméid go léir ar fáil ar leathanach baile an chorpoideachais ar shuíomh gréasáin WJEC.

**Measúnú inmheánach a chaighdeánú**
Tá sé riachtanach, sa chás go bhfuil níos mó ná múinteoir amháin in ionad, go ndéantar obair ó gach grúpa teagaisc a chaighdeánú go hinmheánach. Déantar é sin lena chinntiú go léiríonn an measúnú deiridh caighdeán comhaontaithe amháin do gach múinteoir agus do gach grúpa teagaisc.

© WJEC CBAC

**Aonad 4**

1. **Measúnú ar fheidhmíocht phraiticiúil**
   Ní mór iarrthóirí a mheas i gceann de na gníomhaíochtaí atá faofa in Aguisín B mar **cheachtar acu** imreoir/taibheoir, cóitseálaí **nó** oifigeach.

   Is féidir iarrthóirí a mheas ag eatraimh i rith an chúrsa. Ba chóir gur léiriú fíor ar leibhéal feidhmíochta na n-iarrthóirí na marcanna deiridh a chuirtear isteach.

   **Le haghaidh measúnaithe mar imreoir/taibheoir** ba chóir d'iarrthóirí: cur i bhfeidhm scileanna/teicnící/straitéisí atá oiriúnach don phost/gníomhaíocht a léiriú i gcásanna atá éilitheach m.sh. i gcluichí le foirne beaga agus le foirne iomlána i gcomhthéacsanna iomaíocha/foirmiúla.

   **Le haghaidh measúnaithe mar chóitseálaí**, ba chóir d'iarrthóirí: seisiúin chóitseála a phleanáil agus a thabhairt atá oiriúnach le gnéithe sonracha den fheidhmíocht a fhorbairt. Ba chóir fianaise ar dhul chun cinn a bheith sna seisiúin.

   **Le haghaidh measúnaithe mar iarrthóir oifigiúil**, ba chóir d'iarrthóirí: a bheith mar phríomhoifigeach don ghníomhaíocht roghnaithe i suíomh iomaíoch/foirmiúil.

   Ní mór don mhúinteoir na léirithe praiticiúla a mheas go hinmheánach trí úsáid a bhaint as na greillí measúnaithe in Aguisín A. Déanfaidh modhnóir cuairte modhnóireacht sheachtrach ar na léirithe. Is féidir le hiarrthóirí gníomhaíocht taobh amuigh den láthair a thairiscint le haghaidh measúnaithe.
   Is é atá i gceist le gníomhaíochtaí taobh amuigh den láthair iad siúd nach dtarlaíonn ar champas na scoile/an choláiste agus áit a mbeadh sé deacair modhnóireacht "bheo" a dhéanamh ar lá na modhnóireachta. Ní mór fianaise chuí DVD/dhigiteach a bheith ann do gach gníomhaíocht a dhéantar taobh amuigh den láthair. Caithfidh múinteoirí measúnú a dhéanamh ar gach gníomhaíocht agus bileoga marcála a bheith sínithe ag múinteoirí.

   **Tabhair faoi deara, lena chinntiú gur féidir le hionaid athbhreithniú a dhéanamh ar thoradh na modhnóireachta, agus rochtain a bheith acu ar na fiosrúcháin faoi sheirbhís torthaí, ní mór do gach ionad taifeadadh closamhairc a dhéanamh de na léirithe go léir a fheictear ar lá na modhnóireachta.**

   I ndiaidh modhnóireachta, ba cheart an taifeadadh closamhairc a sheoladh chuig WJEC taobh istigh de sheachtain amháin ón chuairt mhodhnóireachta. Coinneoidh WJEC é ar feadh fada go leor le gur féidir fiosrúcháin ábhartha faoi thorthaí agus achomhairc a chur i gcrích.

   **Coigeartuithe réasúnta**
   Ní mór aon socruithe sonracha rochtana a chomhaontú sula ndéantar an measúnú. Tá socruithe rochtana deartha le gur féidir measúnú a dhéanamh ar fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais, míchumais nó gortuithe sealadacha acu.

© WJEC CBAC

Déanfaidh WJEC coigeartuithe réasúnta i gcás ina mbeadh iarrthóir faoi mhíchumas faoi mhíbhuntáiste suntasach murach sin i gcomparáid le duine nach bhfuil faoi mhíchumas. Le socruithe rochtana, beifear ábalta coigeartuithe réasúnta a dhéanamh. Cé gurb é riachtanais an fhoghlaimeora ceann de na príomhábhair imní a bhaineann le socruithe oiriúnacha rochtana, áfach, is gá a chinntiú nach gcuirtear sláine an mheasúnaithe i mbaol.

Ní mór d'ionaid ar mian leo iarratas a dhéanamh ar choigeartuithe réasúnta é sin a dhéanamh trí *Shocruithe rochtana ar líne ar* an chéad dul síos. I gcás gortuithe, ba cheart teagmháil a dhéanamh le WJEC a luaithe agus is féidir. Beidh a fhios ag na foghlaimeoirí ansin chomh luath agus is féidir cad iad na socruithe rochtana atá i bhfeidhm.

Bainfidh aon choigeartú réasúnta atá údaraithe leis an mheasúnú inmheánach a dhéanann múinteoirí agus le lá na modhnóireachta araon. Cuirfear an modhnóir cuairte ar an eolas faoi na coigeartuithe roimh an chuairt agus comhlíonfaidh siad aon socruithe atá i bhfeidhm.

Tabhair do d'aire nach ndéanfar coigeartú ach amháin má mheastar go bhfuil sé *réasúnta* m.sh. mura ndéanann sé difear do shláine an mheasúnaithe, mura gcuireann sé costais mhíréasúnta ar WJEC ná mura mbíonn tionchar míréasúnta aige ar fhoghlaimeoirí eile.

Is féidir sonraí iomlána a fháil i rialacháin agus i dtreoir maidir le Socruithe Rochtana agus Coigeartuithe Réasúnta ag http://www.jcq.org.uk/exams-office/access-arrangements-and-special-consideration/regulations-and-guidance a nuashonraítear ar bhonn bliantúil.

**Léirithe praiticiúla a thaifeadadh**

Baineann an treoir seo a leanas le gach cás nuair a bhíonn fianaise thaifeadta de dhíth, áirítear leis seo fianaise ar ghníomhaíochtaí taobh amuigh den láthair a scannánaíodh roimh lá na modhnóireachta agus na gníomhaíochtaí go léir a taifeadadh le linn chuairt an mhodhnóra.

Le cinntiú go mbíonn fianaise iomchuí ann le haghaidh a measúnaithe, tá sé riachtanach go gcloífí leis na nósanna imeachta seo a leanas:

- Ba cheart na hiarrthóirí uilig a thabhairt isteach ag tús gach léirithe/taibhithe lena n-ainm, a n-uimhir iarrthóra a thabhairt agus, más cuí, an dóigh a n-aithneofar iad le linn na feidhmíochta m.sh. 4 gorm i gcluiche foirne
- Ba cheart an fhianaise a chur ar fáil i bhformáid atá éasca le rochtain amhail DVD ionas gur féidir leis an mhodhnóir an taifeadadh a fheiceáil go furasta agus gur féidir le WJEC úsáid a bhaint as chun críocha modhnóireachta /caighdeánaithe
- Ba cheart go mbeadh cur amach ag an taifeadóir ar na critéir mheasúnaithe lena chinntiú go dtaifeadtar gach gné de riachtanais an mheasúnaithe. Chuige sin b'fhéidir gur ghá úsáid a bhaint as seatanna leathanuilleacha chomh maith le seatanna gar-amhairc ag brath ar an ghníomhaíocht atá á scannánú
- I ndiaidh an mheasúnaithe seiceáil na taifeadtaí, déan cóip chúltaca díobh
- Sábháil an taifeadadh agus taispeáin go soiléir uimhir an ionaid agus an cháilíocht

© WJEC CBAC

**Cluichí foirne a thaifeadadh**

Le haghaidh cluiche iomlán ba chóir don cheamara an imirt a leanúint cé go bhféadfaí, i gcomhphlé le modhnóirí, daoine aonair a leanúint ar feadh cuid den tréimhse imeartha. Cé go n-éilíonn WJEC measúnú i gcás cluiche iomlán aithnítear na deacrachtaí a bhaineann le go leor fianaise a scannánú. Dá bhrí sin, moltar go ndéanfaí léirithe i gcásanna foirne beaga/oiriúnuithe a scannánú fosta chun cur leis an fhianaise ón chluiche iomlán.

**Snámh a thaifeadadh i linnte poiblí**

Má tá linn snámha phoiblí le húsáid, ba chóir d'ionad dul i dteagmháil le bainistíocht na linne chun socruithe a phlé. Má dhéantar scannánú i linn phoiblí ba chóir na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint:

- Cloí go docht le treoirlínte/beartas na linne maidir le taifeadadh
- Ní mór cead a fháil ó thuismitheoirí/chaomhnóirí na rannpháirtithe
- Ba cheart úsáideoirí eile na linne a chur ar an eolas agus toiliú don taifeadadh (féadfar é sin a dhéanamh mar chuid de threoirlínte/bheartais na linne féin)

Tá sé de fhreagracht ar an ionad fianaise a chur ar fáil i leith gach iarrthóra; beo ag modhnóireacht, sin nó ag gníomhaíocht a thaifeadtar taobh amuigh den láthair. Dá bhrí sin, má tharlaíonn sé go mbíonn na deacrachtaí a bhaineann le taifeadadh ag linnte poiblí dosháraithe, **níor** cheart iarrthóirí a iontráil le haghaidh measúnaithe sa tsnámh.

**2. Measúnú ar Phróifíl Feidhmíochta Pearsanta**

Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm ag an phróifíl feidhmíochta pearsanta moltaí a thabhairt a chuirfeadh feabhas ar fheidhmíocht sa ghníomhaíocht phraiticiúil atá á meas. Caithfidh an múinteoir an phróifíl feidhmíochta pearsanta a mheas go hinmheánach ag baint úsáid as an ghreille measúnaithe ábhartha in Aguisín A.

Trí mheasúnú neamhscrúdaithe a dhéanamh ar anailís agus ar luacháil ar fheidhmíocht phearsanta, cuirtear ar chumas iarrthóirí:

- tabhairt faoi léitheoireacht níos leithne le linn an chúrsa
- tabhairt faoi staidéar neamhspleách agus leanúnach
- tabhairt faoi thaighde a fhiosraíonn tosca a chuideodh le feabhas a chur ar fheidhmíocht iarrthóirí iad féin
- iniúchadh a dhéanamh ar naisc idir teoiric agus cleachtas

Tá sé tábhachtach go ndéanfadh ionaid machnamh cuí ar an mheasúnú scríofa neamhscrúdaithe lena chinntiú go mbaineann siad leas iomlán as an deis le ligean d'iarrthóirí neamhspleáchas a thaispeáint mar aon leis na scileanna sin atá riachtanach chun gnóthachtáil ag na leibhéil feidhmíochta is airde.

**Líon Comhairleach Focal**
Is 2500-3500 focal an líon comhairleach focal a mholtar.

© WJEC CBAC

Táthar ag súil go leanfaidh iarrthóirí na treoirlínte maidir le fad na hoibre mar atá luaite sa tsonraíocht seo. Is dócha go ngearrfar pionós ar iarrthóirí a thairgeann obair atá róghearr ó tharla nach féidir clúdach cuí a dhéanamh ar na cuspóirí measúnaithe riachtanacha. Gearrtar pionós ar iarrthóirí a sháraíonn an líon chomhairleach focal de cheal beachtais agus fócais.

Ba chóir d'iarrthóirí an líon iomlán focal a thaifeadadh ar an bhileog chumhdaigh.

**Am**
Ba chóir go leor ama a thabhairt chun cur ar chumas iarrthóirí na céimeanna seo a leanas a chur i gcrích:

1. Anailís tosaigh ar fheidhmíocht phearsanta ag sainaithint agus ag tabhairt faoi thaighde cuí ar réimse ábhair den inneachar ábhair sa tsonraíocht
2. Luacháil ar an taighde, agus sonraí san áireamh, chun moltaí agus plean a dhéanamh le haghaidh feidhmíocht a fheabhsú
3. Anailís ar éifeachtacht an chláir traenála, i ndiaidh é a chur i gcrích
4. Luacháil ar an chlár ina n-aithnítear straitéisí chun feidhmíocht amach anseo a fheabhsú. Ní mór an luacháil ar an chlár a chur i gcrích faoi mhaoirseacht an mhúinteora.

I ndiaidh an anailís tosaigh, an taighde agus an luacháil ar an taighde a chur i gcrích, ba cheart tréimhse 10 seachtaine ar a laghad a cheadú d'iarrthóirí an clár traenála a chur i gcrích. Le linn na tréimhse sin, ba cheart d'iarrthóirí faireachán a dhéanamh ar a ndul chun cinn féin. Ba cheart dóibh ansin an anailís agus an luacháil ar an chlár traenála a dhéanamh. Molann WJEC go mbeadh **cúig uair déag an chloig d'uaireanta measúnaithe** riachtanach chun gach ceann de chéimeanna 1 go 4 a chríochnú le líon na bhfocal comhairleach de 2500-3500 focal a chomhlíonadh.

**Treoir**
Ní mór do mhúinteoirí a chinntiú gur leor na sonraí tosaigh a bhailítear agus go gcuirtear i bhfeidhm iad ar an ghníomhaíocht phraiticiúil a ndéantar measúnú uirthi. Is féidir le múinteoirí comhairle chineálach a thabhairt maidir le bailiú sonraí ach gan a thabhairt le fios cén dóigh ar féidir feabhsuithe a dhéanamh. Ba chóir do mhúinteoirí a sheiceáil go rialta gur lean iarrthóirí an clár traenála atá beartaithe.

**Admhálacha**
Ní mór tagairtí d'fhoinsí a aithint go soiléir: trí thagairt dhíreach má úsáidtear sliocht athfhriotail; agus **trí leabharliosta iarcheangailte**. Níor cheart an leabharliosta a chur san áireamh mar chuid de líon na bhfocal comhairleach.

**Dréachtú**
Is féidir le múinteoirí treoir a thabhairt maidir le hathdhréachtú na hoibre ach ba chóir gur tuairimí ginearálta amháin í sin. A luaithe agus a chuirfear an anailís agus an luacháil isteach ar deireadh agus a mharcáiltear í, ní féidir an obair a athbhreithniú tuilleadh.

© WJEC CBAC

**Bradaíl**
Ní mór d'ionaid a bheith ar an airdeall agus diúltú marcanna a bhronnadh ná a chur isteach le haghaidh modhnóireachta i gcás obair ar bith a mheasann siad nach leis an iarrthóir féin í. Gearrfar pionós ar iarrthóirí as iarracht ar bith ar bhradaíl a dhéanamh. Tá comhairle agus treoir ghinearálta le fáil ar láithreán gréasáin JCQ faoin rud a dhéantar má bhíonn amhras ann go bhfuil bradaíl déanta.

**Fíordheimhniú**
Tá sé tábhachtach go ndéanfadh ionaid dianmhonatóireacht ar gach measúnú neamhscrúdaithe lena chinntiú gur leis na hiarrthóirí a gcuid oibre go léir. Nuair a bheas an obair curtha i gcrích, ní ceadmhach í a chur ar ais chuig iarrthóirí chun aon athruithe a dhéanamh. Caithfear an obair a choinneáil slán taobh istigh den ionad.

- Ní mór do gach iarrthóir ráiteas fíordheimhnithe a shíniú a dhearbhú gur leis/léi féin an fheidhmíocht phraiticiúil agus gur leis/léi an anailís agus an luacháil.
- Ní mór do na hionaid a chomhshíniú go bhfuil gach beart réasúnta déanta acu chun é seo a bhailíochtú.
- Ní mór síniú barántúil múinteora a úsáid; agus é a bheith comhshínithe ag ball sinsearach foirne. Ní ghlacfar le síniú scanta ná leictreonach.
- Ní mór doiciméadúchán a chomhlánú d'obair na n-iarrthóirí go léir, ní hamháin dóibh siúd a roghnaítear don tsampla a bheas le feiceáil ag an mhodhnóir.
- Beidh na doiciméid go léir ar fáil ar leathanach baile an chorpoideachais ar shuíomh gréasáin WJEC.

**Measúnú inmheánach a chaighdeánú**
Tá sé riachtanach, sa chás go bhfuil níos mó ná múinteoir amháin in ionad, go ndéantar obair ó gach grúpa teagaisc a chaighdeánú go hinmheánach. Déantar é sin lena chinntiú go léiríonn an measúnú deiridh caighdeán comhaontaithe amháin do gach múinteoir agus do gach grúpa teagaisc.

**Próiseas modhnóireachta d'Aonad 2 agus d'Aonad 4**
- Cuireann WJEC lámhleabhar riaracháin bliantúil ar fáil d'ionaid, ina leagtar amach an dóigh ar cheart measúnuithe a dhéanamh in ionaid
- Beidh modhnóireacht ar siúl idir lár mhí an Mhárta agus tús mhí na Bealtaine i mbliain an scrúdaithe.
- Deimhneoidh WJEC dáta na modhnóireachta le gach ionad roimh dheireadh mhí na Nollag den bhliain acadúil.
- Roimh an chuairt, beidh gach marcbhileog comhlánaithe ag na hionaid, a bheas ar fáil ar an láithreán gréasáin, agus cuirfear ar aghaidh chuig WJEC iad faoi dháta a bheas le deimhniú go luath i mí an Mhárta.
- Ba chóir go n-áireofaí ar na bileoga marcála marcanna do na léirithe praiticiúla agus don anailís scríofa feidhmíochta agus do na luachálacha (Aonaid 2 agus 4).
- Déanfaidh WJEC cinneadh maidir le gníomhaíochtaí agus iarrthóirí ar gá iad a fheiceáil ag an mhodhnóireacht agus tabharfaidh sé fógra d'ionaid roimh an chuairt.
- Seolfaidh ionaid amchlár chuig WJEC roimh an chuairt.
- Feicfidh na modhnóirí sampla ionadaíoch de na gníomhaíochtaí praiticiúla a thairgtear.

© WJEC CBAC

- Ba chóir go mbeadh gach iarrthóir a roghnaítear le haghaidh modhnóireachta i láthair ar lá na modhnóireachta.
- Ní mór iarrthóirí a aithint go soiléir de réir uimhreach.
- Ní mór gach anailís feidhmíochta agus luacháil d'Aonaid 2 agus 4 a mharcáil agus a chur ar fáil don mhodhnóir ar lá na cuairte modhnóireachta.
- Ní mór doiciméid fíordheimhnithe a bheith i gcuideachta gach anailíse feidhmíochta agus gach luachála.
- Roghnóidh na modhnóirí sampla ionadaíoch den anailís feidhmíochta agus de na luachálacha d'Aonaid 2 agus 4 a chlúdaíonn an raon cumais agus tógfar ar shiúl é le haghaidh modhnóireacht sheachtrach.

**Neamhláithreacht ó mhodhnóireacht**
Gach iarrthóir a roghnófar mar chuid den tsampla, is den riachtanas é go bhfreastalódh sé/sí ar an mhodhnóireacht. Mar sin féin, is é nádúr an chorpoideachais agus an spóirt go mbeidh gortuithe ann ó am go chéile, rud a chiallaíonn nach mbeidh iarrthóirí ábalta páirt ghníomhach a ghlacadh i lá na modhnóireachta.

I gcás gortuithe a tharla le linn an chúrsa a fhágann nach féidir rannpháirtíocht a dhéanamh ag modhnóireacht, ní mór na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint:

- Caithfidh na hionaid WJEC a chur ar an eolas faoi chineál agus faoi mhéid an ghortaithe a luaithe agus is féidir
- Ní mór d'ionaid a dheimhniú go bhfuil fíorchúis le neamhfhreastal an iarrthóra atá i gceist agus fianaise a choinneáil taobh istigh den ionad
- Iarrfaidh WJEC, i bhformhór na gcásanna, go bhfreastalóidh iarrthóir eile a bhfuil marcanna mar an gcéanna acu ar mhodhnóireacht
- Más féidir, ba chóir don iarrthóir gortaithe freastal ar lá na modhnóireachta
- Ní mór obair anailíse agus luachála an iarrthóra ghortaithe a bheith ar fáil don mhodhnóir ar an lá modhnóireachta chun í a mheas

Ní mór d'ionaid a chinntiú go mbeidh gach trealamh agus saoráid riachtanach ar fáil ar an lá modhnóireachta. Ba chóir na modhnóirí a chur ar an eolas faoi aon ghníomhaíocht atá le modhnú ag ionad taobh amuigh den láthair.

Gheobhaidh gach ionad tuairisc ar an mhodhnóireacht a bheidh ar fáil go leictreonach ar lá torthaí GCSE.

© WJEC CBAC

# AGUISÍN A

**Greillí measúnaithe**

**Treoir maidir le greillí measúnaithe a úsáid**

Roinntear greillí measúnaithe bandáilte ionas go mbeidh tuairiscín ábhartha ag gach banda. Tugann tuairiscín an bhanda cur síos ar leibhéal feidhmíochta don bhanda sin. Tá marcanna i ngach banda.

Ba cheart an scéim mharcála a fheidhmiú mar phróiseas dhá chéim.

**Céim 1 – Cinneadh a dhéanamh ar an bhanda**

Ag tosú ag an bhanda is ísle, ba chóir do mhúinteoirí amharc ar fheidhmíocht/obair an fhoghlaimeora agus seiceáil an bhfuil sé ag teacht leis an tuairiscín don bhanda sin. Má bhíonn an tuairiscín ag an bhanda is ísle bainte amach, ba chóir do mhúinteoirí bogadh suas go dtí an chéad bhanda eile agus an próiseas seo a athdhéanamh do gach banda go dtí go mbeidh an tuairiscín ag teacht leis an obair.

Má chlúdaíonn obair/taibhiú foghlaimeora gnéithe éagsúla de bhandaí éagsúla taobh istigh den scéim mharcála, ba cheart cur chuige 'is fearr a oireann' a ghlacadh le cinneadh a dhéanamh ar an bhanda agus ansin ba chóir freagra an fhoghlaimeora a úsáid le cinneadh a dhéanamh ar an mharc taobh istigh den bhanda. Mar shampla, má tá an taibhiú/obair i mbanda 2 den chuid is mó ach le méid teoranta d'ábhar bhanda 3, chuirfí i mbanda 2 é, ach bheadh an marc a bhronntar gar do bharr bhanda 2 mar thoradh ar ábhar bhanda 3. Níor chóir do mhúinteoirí iarracht a dhéanamh foghlaimeoirí a mharcáil síos de dheasca easpaí beaga i mionréimsí den fheidhmíocht/den obair.

**Céim 2 – Cinneadh a dhéanamh ar an mharc**

Nuair a bheas cinneadh déanta ar an bhanda, is féidir leis an mheasúnóir marc a shannadh ansin. Ba chóir do mhúinteoirí athbhreithniú a dhéanamh ar an fheidhmíocht/obair de réir mar a chuireann siad an scéim mharcála i bhfeidhm lena dheimhniú go bhfuil an banda agus an marc a leithdháiltear oiriúnach don taibhiú/obair.

© WJEC CBAC

## Aonad 2

Déanfar measúnú ar fhoghlaimeoirí mar imreoir/taibheoir **agus** mar **chóitseálaí nó mar oifigeach** sa spórt/gníomhaíocht a roghnaigh siad ón liosta gníomhaíochtaí in Aguisín B. Déanfar próifíl feidhmíochta pearsanta a mheas fosta. Ba chóir na greillí seo a leanas a úsáid i gcomhar leis na scileanna feidhmíochta do gach gníomhaíocht in Aguisín D.

**Mar imreoir/taibheoir, beifear ag súil go ndéanfaidh foghlaimeoirí:**

- na scileanna agus na teicnící ábhartha a léiriú atá riachtanach don spórt/gníomhaíocht agus iad a chur i bhfeidhm i ndálaí feidhmíochta iomaíocha

| Banda | Critéir Mheasúnaithe: Imreoir/Taibheoir |
|---|---|
| **Banda 4** | **19-24 marc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• scothúsáid a bhaint as scileanna agus teicnící cuí a léiríonn comhsheasmhacht, cruinneas agus ligtheacht<br>• scothúsáid a bhaint as straitéisí/teaicticí/smaointe comhdhéanaimh<br>• leibhéal sármhaith corpacmhainne don ghníomhaíocht, ionas gur féidir ardleibhéal d'fheidhmíocht éifeachtach a chleachtadh go leanúnach<br>• cinnteoireacht den scoth |
| **Banda 3** | **13-18 marc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• dea-úsáid a bhaint as scileanna agus teicnící cuí a léiríonn roinnt cruinnis agus ligtheachta<br>• dea-úsáid a bhaint as straitéisí/teaicticí/smaointe comhdhéanaimh<br>• leibhéal maith aclaíochta don ghníomhaíocht, ionas gur féidir feidhmíocht éifeachtach a chleachtadh<br>• cinnteoireacht mhaith |
| **Banda 2** | **7-12 mharc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• roinnt beachtais agus ligtheachta i dtaca le scileanna agus teicnící a chur i bhfeidhm<br>• úsáid theoranta a bhaint as straitéisí/teaicticí/smaointe comhdhéanaimh<br>• leibhéal teoranta aclaíochta don ghníomhaíocht<br>• roinnt cinnteoireachta |
| **Banda 1** | **1-6 mharc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• easpa beachtais agus ligtheachta i gcur i bhfeidhm scileanna agus teicnící<br>• drochúsáid a bhaint as straitéisí/teaicticí/smaointe comhdhéanaimh<br>• easpa aclaíochta ar cúis í le neamhéifeachtacht sa chluiche/staid iomaíoch<br>• droch-chinnteoireacht |
| | **0 mharc**<br>• ní dhéantar iarracht ar fheidhmíocht nó ní fiú aon mharc an iarracht |

© WJEC CBAC

**Mar chóitseálaí, beifear ag súil go ndéanfaidh foghlaimeoirí:**

- seisiún cóitseála cuí a phleanáil agus a thabhairt chun gné ar leith den fheidhmíocht a fhorbairt

| Banda | Critéir Mheasúnaithe: Cóitseáil |
|---|---|
| **Banda 4** | **10-12 mharc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• pleanáil den scoth ar sheisiún cuí<br>• sárscileanna cumarsáide agus eagrúcháin agus an seisiún á sheachadadh<br>• cinnteoireacht den scoth<br>• eolas den scoth ar an ghníomhaíocht |
| **Banda 3** | **7-9 marc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• dea-phleanáil ar sheisiún cuí<br>• dea-scileanna cumarsáide agus eagrúcháin agus an seisiún á sheachadadh<br>• cinnteoireacht mhaith<br>• eolas maith ar an ghníomhaíocht |
| **Banda 2** | **4-6 mharc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• pleanáil theoranta ar sheisiún cuí<br>• roinnt scileanna cumarsáide agus eagrúcháin agus an seisiún á sheachadadh<br>• roinnt cinnteoireachta<br>• roinnt eolais ar an ghníomhaíocht |
| **Banda 1** | **1-3 mharc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• beagán nó gan aon phleanáil ar sheisiún<br>• easpa scileanna cumarsáide agus eagrúcháin agus an seisiún á sheachadadh<br>• easpa cinnteoireacht chuí<br>• fíorbheagán eolais ar an ghníomhaíocht |
| | **0 mharc**<br>• ní dhéantar iarracht ar fheidhmíocht nó ní fiú aon mharc an iarracht |

© WJEC CBAC

**Mar oifigeach, beifear ag súil go ndéanfaidh foghlaimeoirí:**

- ról an phríomhoifigigh don ghníomhaíocht roghnaithe i gcásanna iomaíocha/foirmiúla

| Banda | Critéir mheasúnaithe: Feidhmiú |
|---|---|
| **Banda 4** | **10-12 mharc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• eolas den scoth ar mhór-rialacha agus caomhnú éifeachtach ar thimpeallacht shábháilte<br>• cinnteoireacht den scoth, a chur cothrom na Féinne agus neamhchlaontacht chun cinn<br>• sár-réimse scileanna a bhaineann le réiteoireacht *m.sh. comharthaí láimhe, úsáid feadóige, treoracha ó bhéal, tomhas, uainiú, tosú*<br>• léiriú den scoth ar rialacha agus cur i bhfeidhm den scoth |
| **Banda 3** | **7-9 marc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• eolas maith ar mhór-rialacha agus caomhnú éifeachtach ar thimpeallacht shábháilte<br>• dea-chinnteoireacht, a chur cothrom na Féinne agus neamhchlaontacht chun cinn<br>• réimse maith scileanna a bhaineann le réiteoireacht *m.sh. comharthaí láimhe, úsáid feadóige, treoracha ó bhéal, tomhas, uainiú, tosú*<br>• dea-léiriú ar rialacha agus dea-chur i bhfeidhm |
| **Banda 2** | **4-6 mharc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• roinnt eolais ar rialacha agus éifeachtacht réasúnta ar thimpeallacht shábháilte a chaomhnú<br>• roinnt cinntí cearta, a chur cothrom na Féinne agus neamhchlaontacht chun cinn<br>• scileanna teoranta a bhaineann le réiteoireacht *m.sh. comharthaí láimhe, úsáid feadóige, treoracha ó bhéal, tomhas, uainiú, tosú*<br>• léiriú teoranta ar rialacha agus cur i bhfeidhm teoranta |
| **Banda 1** | **1-3 mharc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• easpa eolais ar rialacha agus beagán éifeachtachta maidir le timpeallacht shábháilte a chaomhnú<br>• scileanna laga  cinnteoireachta<br>• easpa scileanna a bhaineann le réiteoireacht *m.sh. comharthaí láimhe, úsáid feadóige, treoracha ó bhéal, tomhas, uainiú, tosú*<br>• léiriú lag ar rialacha agus cur i bhfeidhm lag |
| | **0 mharc**<br>• ní dhéantar iarracht ar fheidhmíocht nó ní fiú aon mharc an iarracht |

© WJEC CBAC

**Próifíl Feidhmíochta Pearsanta**

Tá an ghreille mharcála ar na leathanaigh seo a leanas le húsáid sa phróifíl feidhmíochta pearsanta agus sa luacháil.

**Ní mór** an phróifíl feidhmíochta pearsanta a nascadh go díreach leis an ghníomhaíocht phraiticiúil a roghnaíodh agus **ní mór** go gcuimseodh sí inneachar teoiriciúil ábhartha agus anailís sonraí.

Ba cheart na céimeanna seo a leanas a leanúint:

1. Féinanailís tosaigh ar fheidhmíocht a shainaithníonn gnéithe is gá a fheabhsú.
2. Socraítear spriocanna le haghaidh feabhsúcháin bunaithe ar an fhéinanailís tosaigh agus ar an anailís ar theoiric ábhartha.
3. Anailís ar shonraí a ghintear, i ndiaidh an clár traenála a chur i gcrích.
4. Luacháil ar an chlár traenála le moltaí chun feidhmíocht a fheabhsú sa todhchaí.

Tá 12 mharc san iomlán sa phróifíl feidhmíochta pearsanta, roinnte go cothrom idir anailís agus luacháil. Léirítear go soiléir sa ghreille mheasúnaithe an áit ar gá machnamh a dhéanamh ar úsáid scileanna cainníochtúla.

Ba chóir do mhúinteoirí a chinntiú go ligeann an staidéar roghnaithe d’fhoghlaimeoirí sonraí a tháirgeadh, a anailísiú agus a mheas ionas gur féidir na marcanna do scileanna cainníochtúla a ghnóthú.

Ba chóir do mhúinteoirí a chinntiú go ligfidh a rogha staidéir d’fhoghlaimeoirí teacht ar inneachar teoiriciúil cuí a d'fhéadfadh cur le feabhsú a bhfeidhmíochta.

© WJEC CBAC

| Banda | Anailís ar fheidhmíocht<br>6 mharc | Luacháil<br>6 mharc |
|---|---|---|
| **Banda 3** | **5-6 mharc**<br>Féinanailís den scoth agus chruinn ar fheidhmíocht<br>Aithnítear go soiléir réimsí is gá a fheabhsú<br>Tugann an anailís uirlis den scoth chun spriocanna a leagan síos<br>Spriocanna iomchuí agus mionsonraithe SICRU (*SMART*) leagtha síos, ag baint úsáid éifeachtach as faisnéis ó fhéinanailís ar fheidhmíocht<br>Anailís chriticiúil ar theoiric ábhartha agus ar a cur i bhfeidhm i leith éifeachtaí ar fheidhmíocht<br>Anailís den scoth ar shonraí cainníochtúla cuí | **5-6 mharc**<br>Luacháil den scoth ar an chlár traenála<br>Conclúidí bailí agus loighciúla bunaithe ar fhianaise mhionsonraithe<br>Luacháil den scoth ar theoiric bhunaidh agus ar a hábharthacht maidir le feidhmíocht a fheabhsú.<br>Moltaí mionsonraithe agus réadúla chun feidhmíocht a fheabhsú sa todhchaí<br>Luacháil den scoth ar shonraí cainníochtúla cuí |
| **Banda 2** | **3-4 mharc**<br>Féinanailís mhaith ar fheidhmíocht<br>Aithnítear réimsí is gá a fheabhsú<br>Tugann an anailís uirlis mhaith chun spriocanna a leagan síos<br>Spriocanna SICRU (*SMART*) leagtha síos le naisc shoiléire le faisnéis ó fhéinanailís ar fheidhmíocht<br>Anailís mhaith ar theoiric ábhartha agus ar a cur i bhfeidhm i leith éifeachtaí ar fheidhmíocht<br>Anailís mhaith ar shonraí cainníochtúla cuí | **3-4 mharc**<br>Luacháil mhaith ar an chlár traenála<br>Conclúidí bailí agus loighciúla bunaithe ar fhianaise<br>Luacháil mhaith ar theoiric bhunaidh agus ar a hábharthacht maidir le feidhmíocht a fheabhsú<br>Moladh oiriúnach chun feidhmíocht a fheabhsú sa todhchaí<br>Luacháil mhaith ar shonraí cainníochtúla iomchuí |
| **Banda 1** | **1-2 mharc**<br>Féinanailís theoranta ar fheidhmíocht<br>Is ar éigean a aithnítear na réimsí is gá a fheabhsú<br>Cuireann anailís uirlis theoranta ar fáil chun sprioc a leagan síos<br>Spriocanna teoranta leagtha síos ag baint úsáid as faisnéis ó fhéinanailís ar fheidhmíocht<br>Anailís theoranta ar theoiric ábhartha agus ar a cur i bhfeidhm i leith éifeachtaí ar fheidhmíocht<br>Anailís theoranta ar shonraí cainníochtúla iomchuí | **1-2 mharc**<br>Luacháil theoranta ar an chlár traenála<br>Conclúidí teoranta ach loighciúla bunaithe ar fhianaise<br>Luacháil theoranta ar theoiric bhunaidh agus ar a hábharthacht maidir le feidhmíocht a fheabhsú<br>Moltaí bunúsacha chun feidhmíocht a fheabhsú sa todhchaí<br>Luacháil theoranta ar shonraí cainníochtúla iomchuí |
| | **0 mharc**<br>Ní dhéantar iarracht obair a dhéanamh nó ní fiú aon mharc an iarracht | |

© WJEC CBAC

**Aonad 4**

Déanfar measúnú ar fhoghlaimeoirí ag imirt/taibhiú, **nó** ag cóitseáil **nó** ag réiteoireacht i ngníomhaíocht amháin ó liosta na ngníomhaíochtaí in Aguisín B. Déanfar measúnú fosta ar thasc taighde imscrúdaitheach.

Baineann na téarmaí agus na ráitis i gcló trom le A Leibhéal amháin. Léiríonn siad seo leibhéal ionchais na feidhmíochta ag leibhéal A agus dá bhrí sin dul chun cinn idir Aonad 2 agus Aonad 4.

### Mar imreoir/taibheoir, beifear ag súil le foghlaimeoirí:

- feidhmiú faoi choinníollacha iomaíocha/feidhmíochta a thaispeánann raon leathan scileanna agus teicnící atá oiriúnach don spórt/gníomhaíocht

| Banda | Critéir Mheasúnaithe: Imreoir/Taibheoir |
|---|---|
| **Banda 5** | **25-30 marc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• scothúsáid a bhaint as scileanna agus teicnící cuí a léiríonn comhsheasmhacht, cruinneas agus ligtheacht<br>• scothúsáid a bhaint as straitéisí/teaicticí/smaointe comhdhéanaimh<br>• leibhéal sármhaith corpacmhainne don ghníomhaíocht, ionas gur féidir ardleibhéal d'fheidhmíocht éifeachtach a chleachtadh go leanúnach<br>• cinnteoireacht den scoth<br>• **anailís agus luacháil den scoth ar a bhfeidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht daoine eile roimh, le linn agus i ndiaidh na feidhmíochta**<br>• **feidhmíocht a chur in oiriúint go comhsheasmhach agus go rathúil agus iad faoi bhrú**<br>• **straitéisí/idirghabhálacha/cleachtais éifeachtacha a mholadh agus a chur i bhfeidhm chun feidhmíocht a fheabhsú sa todhchaí** |
| **Banda 4** | **19-24 marc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• úsáid an-mhaith a bhaint as scileanna agus teicnící cuí a léiríonn cruinneas agus ligtheacht<br>• úsáid an-mhaith a bhaint as straitéisí/teaicticí/smaointe comhdhéanaimh<br>• leibhéal an-mhaith aclaíochta don ghníomhaíocht, ionas gur féidir feidhmíocht éifeachtach a chleachtadh<br>• cinnteoireacht an-mhaith<br>• **anailís agus luacháil an-mhaith ar a bhfeidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht daoine eile roimh, le linn agus i ndiaidh na feidhmíochta**<br>• **oiriúnuithe an-mhaith ar fheidhmíocht agus iad faoi bhrú**<br>• **a bheith ábalta straitéisí/idirghabhálacha/cleachtais réasúnaithe a mholadh agus a chur chun feidhme chun feidhmíocht a fheabhsú sa todhchaí** |

© WJEC CBAC

| | |
|---|---|
| **Banda 3** | **13-18 marc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• dea-úsáid a bhaint as scileanna agus as teicnící cuí a léiríonn roinnt cruinnis agus ligtheachta<br>• dea-úsáid a bhaint as straitéisí/ teaicticí/smaointe comhdhéanaimh<br>• leibhéal maith aclaíochta don ghníomhaíocht, ionas gur féidir feidhmíocht éifeachtach a chleachtadh<br>• cinnteoireacht mhaith<br>• **dea-anailís agus dea-luacháil ar a bhfeidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht daoine eile roimh, le linn agus i ndiaidh na feidhmíochta**<br>• **oiriúnuithe maithe ar fheidhmíocht agus iad faoi bhrú**<br>• **a bheith ábalta roinnt straitéisí/idirghabhálacha/cleachtas a mholadh agus a chur i bhfeidhm chun feidhmíocht a fheabhsú sa todhchaí** |
| **Banda 2** | **7-12 mharc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• roinnt beachtais agus ligtheachta agus scileanna agus teicnící á gcur i bhfeidhm<br>• úsáid theoranta a bhaint as straitéisí/beartaíocht/smaointe comhdhéanaimh<br>• leibhéal teoranta aclaíochta don ghníomhaíocht<br>• roinnt cinnteoireachta<br>• **roinnt anailíse agus luachála ar a bhfeidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht daoine eile roimh, le linn agus i ndiaidh na feidhmíochta**<br>• **oiriúnuithe teoranta ar fheidhmíocht agus iad faoi bhrú**<br>• **cumas teoranta straitéisí a mholadh chun feidhmíocht a fheabhsú sa todhchaí** |
| **Banda 1** | **1-6 mharc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• easpa beachtais agus ligtheachta agus scileanna agus teicnící á gcur i bhfeidhm<br>• úsáid lag a bhaint as straitéisí/ teaicticí/smaointe comhdhéanaimh<br>• easpa aclaíochta ar cúis í le neamhéifeachtacht sa chluiche/suíomh iomaíoch<br>• droch-chinnteoireacht<br>• **easpa anailíse agus luachála ar a bhfeidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht daoine eile**<br>• **gan ach beagán oiriúnuithe ar fheidhmíocht agus iad faoi bhrú**<br>• **easpa cumais straitéisí a mholadh chun feidhmíocht a fheabhsú sa todhchaí** |
| | **0 mharc**<br>• ní dhéantar iarracht ar fheidhmíocht nó ní fiú marc an iarracht |

© WJEC CBAC

**Mar chóitseálaí, beifear ag súil go ndéanfaidh foghlaimeoirí:**

- seisiúin traenála fhorásacha agus chuí a phleanáil agus a thabhairt

| Banda | Critéir Mheasúnaithe: Cóitseáil |
|---|---|
| **Banda 5** | **25-30 marc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• pleanáil den scoth ar sheisiún cuí<br>• sárscileanna cumarsáide agus eagrúcháin agus an seisiún á sheachadadh<br>• cinnteoireacht den scoth<br>• eolas den scoth ar an ghníomhaíocht<br>• **stíleanna ceannaireachta cuí a chur i bhfeidhm agus in oiriúint go sármhaith**<br>• **anailís agus luacháil den scoth ar a bhfeidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht daoine eile, ag moladh aon oiriúnuithe is gá do dhaoine éagsúla** |
| **Banda 4** | **19-24 marc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• pleanáil an-mhaith ar sheisiún cuí<br>• scileanna cumarsáide agus eagrúcháin an-mhaith agus an seisiún á sheachadadh<br>• cinnteoireacht an-mhaith<br>• eolas an-mhaith ar an ghníomhaíocht<br>• **stíleanna ceannaireachta cuí a chur i bhfeidhm agus in oiriúint go han-mhaith**<br>• **anailís agus luacháil an-mhaith ar a bhfeidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht daoine eile, ag moladh aon oiriúnuithe is gá do dhaoine éagsúla** |
| **Banda 3** | **13-18 marc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• dea-phleanáil ar sheisiún cuí<br>• dea-scileanna cumarsáide agus eagrúcháin agus an seisiún á sheachadadh<br>• cinnteoireacht mhaith<br>• eolas maith ar an ghníomhaíocht<br>• **stíl cheannaireachta chuí a chur i bhfeidhm go maith**<br>• **anailís agus luacháil mhaith ar a bhfeidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht daoine eile, ag moladh roinnt oiriúnuithe atá riachtanach do dhaoine éagsúla** |
| **Banda 2** | **7-12 mharc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• pleanáil theoranta ar sheisiún cuí<br>• roinnt scileanna cumarsáide agus eagrúcháin agus an seisiún á sheachadadh<br>• roinnt cinnteoireachta<br>• roinnt eolais ar an ghníomhaíocht<br>• **stíl cheannaireachta inaitheanta a chur i bhfeidhm go teoranta**<br>• **roinnt anailíse agus luachála ar a bhfeidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht daoine eile agus is beag oiriúnú a mholtar** |
| **Banda 1** | **1-6 mharc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• beagán pleanála nó gan aon phleanáil ar sheisiún<br>• easpa scileanna cumarsáide agus eagrúcháin agus an seisiún á sheachadadh<br>• easpa cinnteoireacht chuí<br>• beagán eolais ar an ghníomhaíocht<br>• **stíl cheannaireachta inaitheanta a chur i bhfeidhm beagán nó gan a chur i bhfeidhm**<br>• **easpa anailíse agus luachála ar a bhfeidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht daoine eile gan aon oiriúnuithe molta** |
| | **0 mharc**<br>• ní dhéantar iarracht ar fheidhmíocht nó ní fiú marc an iarracht |

© WJEC CBAC

**Mar oifigeach, beifear ag súil le foghlaimeoirí:**

- a bheith ar an phríomhoifigeach don ghníomhaíocht roghnaithe i gcás iomaíoch/foirmiúil

| Banda | Critéir mheasúnaithe: Réiteoireacht |
|---|---|
| **Banda 5** | **25-30 marc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• eolas den scoth ar mhór-rialacha agus caomhnú éifeachtach ar thimpeallacht shábháilte<br>• cinnteoireacht den scoth, a chur cothrom na Féinne agus neamhchlaontacht chun cinn<br>• sár-réimse scileanna a bhaineann le réiteoireacht *m.sh. comharthaí láimhe, úsáid feadóige, treoracha ó bhéal, tomhas, uainiú, tosú*<br>• léiriú den scoth ar rialacha agus cur i bhfeidhm den scoth<br>• **freagracht iomlán a ghlacadh, roimh, le linn agus i ndiaidh cluiche, lena n-áirítear a chinntiú go mbíonn taibheoirí gléasta mar is ceart agus gur trealamh sábháilte a bhíonn in úsáid**<br>• **anailís den scoth ar chásanna agus sárchumas oiriúnú mar is cuí** |
| **Banda 4** | **19-24 marc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• eolas an-mhaith ar mhór-rialacha agus caomhnú éifeachtach ar thimpeallacht shábháilte<br>• an-chinnteoireacht, a chur cothrom na Féinne agus neamhchlaontacht chun cinn<br>• réimse an-mhaith scileanna a bhaineann le réiteoireacht *m.sh. comharthaí láimhe, úsáid feadóige, treoracha ó bhéal, tomhas, uainiú, tosú*<br>• an-léiriú ar rialacha agus an-chur i bhfeidhm rialacha<br>• **an phríomhfhreagracht a ghlacadh, roimh, le linn agus i ndiaidh cluiche, lena n-áirítear a chinntiú go mbíonn taibheoirí gléasta mar is ceart agus gur trealamh sábháilte a bhíonn in úsáid**<br>• **anailís an-mhaith ar chásanna agus an-chumas oiriúnú mar is cuí** |
| **Banda 3** | **13-18 marc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• eolas maith ar mhór-rialacha agus caomhnú éifeachtach ar thimpeallacht shábháilte<br>• dea-chinnteoireacht, a chur cothrom na Féinne agus neamhchlaontacht chun cinn<br>• réimse maith scileanna a bhaineann le réiteoireacht *m.sh. comharthaí láimhe, úsáid feadóige, treoracha ó bhéal, tomhas, uainiú, tosú*<br>• dea-léiriú ar rialacha agus dea-chur i bhfeidhm rialacha<br>• **an phríomhfhreagracht a ghlacadh le linn an chluiche agus freagracht éigin roimh agus i ndiaidh an chluiche**<br>• **anailís mhaith agus oiriúnuithe maithe** |

© WJEC CBAC

| | |
|---|---|
| **Banda 2** | **7-12 mharc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• roinnt eolais ar rialacha agus éifeachtacht réasúnta ar thimpeallacht shábháilte a chaomhnú<br>• roinnt cinntí cearta, a chur cothrom na Féinne agus neamhchlaontacht chun cinn<br>• scileanna teoranta a bhaineann le réiteoireacht *m.sh. comharthaí láimhe, úsáid feadóige, treoracha ó bhéal, tomhas, uainiú, tosú*<br>• léiriú teoranta ar rialacha agus cur i bhfeidhm teoranta<br>• **freagracht theoranta le linn an chluiche, agus is beag freagracht a bhí air roimh agus i ndiaidh an chluiche**<br>• **anailís theoranta agus oiriúnuithe teoranta** |
| **Banda 1** | **1-6 mharc**<br>**Léiríonn iarrthóirí:**<br>• easpa eolais ar rialacha agus beagán éifeachtachta maidir le timpeallacht shábháilte a chaomhnú<br>• scileanna laga cinnteoireachta<br>• easpa scileanna a bhaineann le réiteoireacht *m.sh. comharthaí láimhe, úsáid feadóige, treoracha ó bhéal, tomhas, uainiú, tosú*<br>• droch-léiriú ar rialacha agus droch-chur i bhfeidhm<br>• **fíorbheagán freagrachta as feidhmiú le linn an chluiche agus gan aon fhreagracht roimh nó i ndiaidh an chluiche**<br>• **easpa anailíse agus oiriúnuithe** |
| | **0 mharc**<br>• ní dhéantar iarracht ar fheidhmíocht nó ní fiú marc an iarracht |

© WJEC CBAC

**Taighde Imscrúdaitheach**

Tá an ghreille mharcála ar na leathanaigh seo a leanas le húsáid sa mheasúnú ar an taighde imscrúdaitheach.

Ba chóir go gcuideodh an taighde imscrúdaitheach leis an fhoghlaimeoir feidhmíocht phearsanta mar imreoir/taibheoir nó cóitseálaí a fheabhsú. Ní mór é a nascadh leis an ghníomhaíocht phraiticiúil roghnaithe agus **taighde ó fhoinsí éagsúla** a bheith ann ar inneachar ábhair teoiriciúil cuí. Ba chóir scileanna cainníochtúla a bhaineann le taighde roghnaithe na bhfoghlaimeoirí a chomhtháthú sa tasc. Féach Aguisín C le haghaidh liosta na scileanna cainníochtúla.

Ba cheart na céimeanna seo a leanas a leanúint:

1. Anailís tosaigh ar fheidhmíocht phearsanta a shainaithníonn agus a thugann faoi thaighde cuí ar réimse inneachair ábhair sa tsonraíocht
2. Luacháil ar an taighde, lena n-áirítear sonraí, chun moltaí agus plean a dhéanamh chun feidhmíocht a fheabhsú
3. Anailís ar éifeachtacht an chláir traenála, i ndiaidh é a chur i gcrích
4. Luacháil ar an chlár ina n-aithnítear straitéisí chun feidhmíocht a fheabhsú amach anseo

Tá 30 marc san iomlán sa taighde imscrúdaitheach. Tá marc scoite ag gach ceann de na ceithre chéim a dhíríonn ar anailís nó ar luacháil amháin agus atá le feiceáil ar na leathanaigh seo a leanas. Bronntar marcanna as scileanna cainníochtúla a úsáid. Léirítear go soiléir sna greillí measúnaithe an áit a ndéantar breithniú ar úsáid scileanna cainníochtúla. Ba chóir do mhúinteoirí a chinntiú go gcuireann an staidéar roghnaithe ar chumas foghlaimeoirí sonraí a ghiniúint, a anailísiú agus a mheas ionas go mbeidh teacht acu ar mharcanna do scileanna cainníochtúla.

**Gné ríthábhachtach den tasc is ea gné d'inneachar ábhair a aithint, a chur i gcrích agus taighde ina leith a mheas a fheabhsóidh feidhmíocht. Ba chóir do mhúinteoirí a chinntiú go ligfidh a rogha staidéir d'fhoghlaimeoirí teacht ar réimse leathan d'ábhair thaighde chuí a d'fhéadfadh cur le feabhsú a bhfeidhmíochta**

© WJEC CBAC

**Maidir leis an Taighde Imscrúdaitheach, ba cheart na céimeanna seo a leanas a leanúint:**

1. **Anailís tosaigh ar fheidhmíocht phearsanta a chur i gcrích ina n-aithnítear taighde cuí chun feidhmíocht a fheabhsú**

| Banda | Critéir mheasúnaithe |
|---|---|
| **Banda 3** | **5-6 mharc**<br>**Agus tagairt dhíreach á déanamh do raon leathan foinsí taighde ábhartha, léiríonn iarrthóirí:**<br>• anailís den scoth ar a láidreachtaí agus ar a laigí féin, agus réimse soiléir le haghaidh feabhsúcháin aitheanta<br>• anailís mhionsonraithe den scoth ar shonraí cainníochtúla iomchuí<br>• sainaithint den scoth ar mhodhanna chun feidhmíocht a fheabhsú sa todhchaí, bunaithe ar thorthaí ó anailís ar a bhfeidhmíocht féin<br>• sárúsáid a bhaint as príomheolas síos tríd, agus fianaise roghnaithe go cuí chun cuidiú le feidhmíocht a fheabhsú sa todhchaí. |
| **Banda 2** | **3-4 mharc**<br>**Maidir le foinsí éagsúla taighde, léiríonn iarrthóirí:**<br>• anailís mhaith ar a láidreachtaí agus ar a laigí féin, agus réimse le haghaidh feabhsúcháin aitheanta<br>• anailís mhaith ar shonraí cainníochtúla iomchuí<br>• sainaithint mhaith ar mhodhanna chun feidhmíocht a fheabhsú sa todhchaí, bunaithe den chuid is mó ar thorthaí ó anailís ar a bhfeidhmíocht féin<br>• dea-úsáid a bhaint as príomheolas, agus fianaise roghnaithe chun cuidiú le feidhmíocht a fheabhsú sa todhchaí. |
| **Banda 1** | **1-2 mharc**<br>**Maidir le foinsí teoranta taighde, léiríonn iarrthóirí:**<br>• anailís theoranta ar a láidreachtaí agus ar a laigí féin le réimse feabhsúcháin aitheanta ar éigean<br>• anailís theoranta ar shonraí cainníochtúla iomchuí<br>• sainaithint theoranta ar mhodhanna chun feidhmíocht a fheabhsú sa todhchaí, ach níl siad sin soiléir agus níl siad bunaithe ach go fánach ar thorthaí ó anailís ar a bhfeidhmíocht féin<br>• úsáid theoranta a bhaint as roinnt eolais, ach is beag fianaise atá ann ar fhaisnéis ábhartha a roghnú chun cuidiú le feidhmíocht a fheabhsú sa todhchaí. |
| | **0 mharc**<br>Ní dhéantar iarracht obair a dhéanamh nó ní fiú marc an iarracht |

© WJEC CBAC

**2. Luacháil a dhéanamh ar an taighde, lena n-áirítear sonraí, chun moltaí agus plean a dhéanamh chun feidhmíocht a fheabhsú**

<table>
<tr><th>Banda</th><th>Critéir Mheasúnaithe</th></tr>
<tr><td>Banda 3</td><td>7-8 marc<br>Ag tagairt go díreach do raon leathan foinsí taighde ábhartha, soláthraíonn iarrthóirí:<br>• luacháil den scoth ar an taighde agus ar an anailís tosaigh<br>• sintéis faisnéise den scoth, chun conclúidí fónta agus loighciúla a tharraingt<br>• moltaí den scoth agus plean chun feidhmíocht a fheabhsú, bunaithe ar anailís agus ar thaighde tosaigh; bíonn moltaí bunaithe go mór ar fhianaise<br>• modheolaíochtaí bailí agus iontaofa le haghaidh feabhsúcháin<br>• luacháil den scoth, a léiríonn úsáid chruinn na téarmaíochta teicniúla. Bíonn an scríbhneoireacht struchtúrtha go han-mhaith ag baint úsáid as litriú, poncaíocht agus gramadach chruinn</td></tr>
<tr><td>Banda 2</td><td>4-6 mharc<br>Ag tagairt d’fhoinsí éagsúla taighde, soláthraíonn iarrthóirí:<br>• luacháil mhaith ar an taighde agus ar an anailís tosaigh<br>• dea-shintéis faisnéise, chun conclúidí fónta agus loighciúla a tharraingt<br>• moltaí maithe agus plean chun feidhmíocht a fheabhsú, bunaithe den chuid is mó ar anailís agus ar thaighde tosaigh; bíonn bonn fianaise maith ag moltaí<br>• modheolaíochtaí soiléire le haghaidh feabhsúcháin<br>• luacháil mhaith, a léiríonn úsáid na téarmaíochta teicniúla. Bíonn an scríbhneoireacht struchtúrtha go maith i gcoitinne trí úsáid a bhaint as litriú, poncaíocht agus gramadach réasúnta cruinn</td></tr>
<tr><td>Banda 1</td><td>1-3 mharc<br>Maidir le foinsí teoranta taighde, soláthraíonn iarrthóirí:<br>• luacháil theoranta ar an taighde agus ar an anailís tosaigh<br>• sintéis theoranta faisnéise, chun roinnt conclúidí loighciúla, ach a bhíonn fánach go minic, a tharraingt<br>• moltaí agus plean teoranta chun feidhmíocht a fheabhsú, le tagairt éigin d'anailís agus do thaighde tosaigh; bíonn bonn fianaise teoranta ag moltaí<br>• modheolaíochtaí teoranta le haghaidh feabhsúcháin<br>• luacháil theoranta a léiríonn úsáid theoranta na téarmaíochta teicniúla. Léiríonn an scríbhneoireacht roinnt fianaise ar struchtúr ach le roinnt earráidí sa litriú, poncaíocht agus gramadach</td></tr>
<tr><td></td><td>0 mharc<br>Ní dhéantar iarracht obair a dhéanamh nó ní fiú marc an iarracht</td></tr>
</table>

© WJEC CBAC

**3. An clár traenála a chur i gcrích agus anailís a dhéanamh ar a éifeachtacht**

| Banda | Critéir mheasúnaithe |
|---|---|
| **Banda 3** | **7-8 marc**<br><br>**Léiríonn na hiarrthóirí:**<br><br>• monatóireacht den scoth ar an chlár, agus athruithe ar an phlean mínithe go mion<br>• anailís mhionsonraithe den scoth ar a bhfeidhmíocht féin i ndiaidh dóibh an clár a chríochnú<br>• anailís den scoth ar an chlár traenála<br>• anailís mhionsonraithe den scoth ar shonraí cainníochtúla iomchuí a ghintear le linn monatóireacht a dhéanamh ar an chlár traenála |
| **Banda 2** | **4-6 mharc**<br><br>**Léiríonn na hiarrthóirí:**<br><br>• monatóireacht mhaith ar an chlár, agus athruithe ar an phlean a bheith mínithe<br>• anailís mhaith ar a bhfeidhmíocht féin i ndiaidh dóibh an clár a chríochnú<br>• anailís mhaith ar an chlár traenála<br>• anailís mhaith ar shonraí cainníochtúla iomchuí a ghintear le linn monatóireacht a dhéanamh ar an gclár traenála |
| **Banda 1** | **1-3 mharc**<br><br>**Léiríonn na hiarrthóirí:**<br><br>• monatóireacht teoranta ar an chlár, agus míniú fánach ar athruithe ar an phlean<br>• anailís theoranta ar a bhfeidhmíocht féin i ndiaidh dóibh an clár a chríochnú<br>• anailís theoranta ar an chlár traenála<br>• anailís theoranta ar shonraí cainníochtúla iomchuí a ghintear le linn monatóireacht a dhéanamh ar an chlár traenála |
| | **0 mharc**<br>Ní dhéantar iarracht obair a dhéanamh nó ní fiú marc an iarracht |

© WJEC CBAC

**4. Luacháil a dhéanamh ar an chlár ina iomláine agus straitéisí a aithint chun feidhmíocht a fheabhsú sa todhchaí**

| Banda | Critéir mheasúnaithe |
|---|---|
| **Banda 3** | **7-8 marc**<br><br>**Ag tagairt go díreach do raon leathan foinsí taighde ábhartha, soláthraíonn iarrthóirí:**<br><br>• luacháil den scoth ar láidreachtaí agus ar laigí an chláir<br>• sintéis faisnéise den scoth chun conclúidí fónta agus loighciúla a tharraingt<br>• smaointe casta a chur in iúl go sármhaith, agus úsáid den scoth a bhaint as saintéarmaíocht<br>• moltaí den scoth agus plean chun feidhmíocht a fheabhsú. Bíonn moltaí bunaithe go mór ar fhianaise ag tarraingt ar thaighde tosaigh agus ar gach céim den imscrúdú ina dhiaidh sin |
| **Banda 2** | **4-6 mharc**<br><br>**Ag tagairt d'fhoinsí éagsúla taighde, soláthraíonn iarrthóirí:**<br><br>• luacháil mhaith ar láidreachtaí agus ar laigí an chláir<br>• sintéis mhaith faisnéise chun conclúidí fónta agus loighciúla a tharraingt<br>• smaointe casta a chur in iúl go maith, agus úsáid mhaith a bhaint as saintéarmaíocht<br>• dea-mholtaí agus plean chun feidhmíocht a fheabhsú. Bíonn moltaí bunaithe ar roinnt fianaise ag tarraingt ar thaighde tosaigh agus ar chéimeanna den imscrúdú ina dhiaidh sin |
| **Banda 1** | **1-3 mharc**<br><br>**Ag tagairt d'fhoinsí teoranta taighde, soláthraíonn iarrthóirí:**<br><br>• luacháil theoranta ar láidreachtaí agus ar laigí an chláir<br>• sintéis theoranta faisnéise chun roinnt conclúidí fónta agus loighciúla a tharraingt<br>• smaointe casta a chur in iúl go teoranta, agus úsáid theoranta a bhaint as saintéarmaíocht<br>• moltaí agus plean chun feidhmíocht a fheabhsú. Bíonn moltaí bunaithe ar fhianaise teoranta agus gan mórán tagairtí don taighde tosaigh ná do chéimeanna ina dhiaidh sin den imscrúdú |
| | **0 marc**<br>Ní dhéantar iarracht obair a dhéanamh nó ní fiú marc an iarracht |

© WJEC CBAC

# AGUISÍN B

**Liosta gníomhaíochta AS/A leibhéal GCE**

Is liosta iomlán de na gníomhaíochtaí uilig atá ar fáil don tsonraíocht seo é an liosta gníomhaíochtaí thíos.

Ní mór coinníoll iomaíoch nó foirmiúil a bheith ag gach gníomhaíocht inar féidir foghlaimeoirí a mheas.

* Gníomhaíochtaí atá inghlactha lena measúnú mar oifigeach

| Gníomhaíocht | Tuairimí |
|---|---|
| Ailleadóireacht | Is féidir a bheith taobh istigh nó taobh amuigh |
| Badmantan | |
| Cadhcáil | |
| Camógaíocht/Iománaíocht | |
| Cearáité | |
| Céaslóireacht | |
| Cispheil* | |
| Clársciáil | |
| Clársheoltóireacht | |
| Cluiche corr | |
| Crosógaíocht * | |
| Cruicéad* | |
| Curachóireacht | |
| Damhsa* | |
| Daorchluiche | |
| Dornálaíocht amaitéarach | |
| Eachaíocht | |
| Eitpheil | |
| Galf | |
| Gleacaíocht* | Is féidir gleacaíocht rithimeach a chur san áireamh fosta |
| Haca oighir | |
| Haca* | |
| Júdó | |
| Leadóg | |
| Leadóg thábla | |
| Líonpheil* | |
| Lúthchleasaíocht | Is féidir rith trastíre a chur san áireamh |
| Peil Ghaelach | |
| Póló uisce | |
| Rámhaíocht | |
| Rothaíocht | Raonrothaíocht nó rothaíocht bhóthair nó rothaíocht sléibhe |
| Rugbaí sraithe * | |

© WJEC CBAC

| Gníomhaíocht | Tuairimí |
|---|---|
| Rugbaí* | Is féidir é a mheas le seachtar nó cúig dhuine dhéag an taobh. |
| Sacar* | Ní ghlactar le sacar cúigear an taobh ná le futsal |
| Sciáil | |
| Scuais | |
| Seoltóireacht | |
| Siúl sléibhe | |
| Snámh | Is féidir snámh sioncrónaithe a dhéanamh fosta |
| Taecuando | |
| Tarrtháil | |
| Tógáil meáchan | |
| Tonnmharcaíocht | |
| Trampailíneacht * | |
| Treodóireacht | |
| Trí-atlan | |
| Tumadóireacht* | Tumadóireacht ardáin |
| **Sainghníomhaíocht** | **Tuairimí** |
| Boccia | |
| Cispheil cathaoireacha rothaí* | |
| Cruicéad boird | |
| Cúlpheil | |
| Ilbhata (*Polybat*) | |
| Peil cathaoireacha rothaí leictreacha | |
| Rugbaí cathaoireacha rothaí* | |

© WJEC CBAC

# AGUISÍN C

**Scileanna cainníochtúla**

Chun go mbeidh siad ábalta scileanna, eolas agus tuiscint a fhorbairt sa chorpoideachas, ní mór d'fhoghlaimeoirí scileanna cainníochtúla a bheith sealbhaithe acu a bhaineann le hinneachar an ábhair. Is féidir na scileanna cainníochtúla seo a leanas a mheas in Aonad 1 mar chuid de na scrúduithe scríofa agus mar chuid den anailís agus den luacháil in Aonad 2.

**Anatamaíocht fheidhmeach agus fiseolaíocht aclaíochta**

Léirmhíniú ar shonraí agus ar ghraif a bhaineann le:
- athruithe taobh istigh de chórais mhatánchnámharlaigh, chardairiospráide, agus néar-mhatánach le linn cineálacha éagsúla gníomhaíocht choirp agus spóirt
- úsáid córas fuinnimh le linn cineálacha éagsúla de ghníomhaíocht choirp agus spóirt agus le linn an phróisis téarnaimh
- modhanna cainníochtúla chun pleanáil, monatóireacht agus luacháil a dhéanamh ar thraenáil fhisiciúil agus ar fheidhmíocht

**Bithmheicnic**
- eolas ar shainmhínithe, cothromóidí, foirmlí agus aonaid tomhais agus úsáid a bhaint astu
- graif agus léaráidí a bhreacadh, a lipéadú agus a léirmhíniú

**Síceolaíocht spóirt agus sealbhú scileanna**
- léiriúcháin ghrafacha a bhaineann le teoiricí síceolaíochta spóirt a thuiscint agus a léirmhíniú

**Spórt agus an tsochaí**
- sonraí agus graif a bhaineann le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp agus i spórt a léirmhíniú agus a anailísiú

**Teicneolaíocht spóirt**
- cineálacha anailíse sonraí agus a n-úsáid a thuiscint chun feidhmíocht a bharrfheabhsú

© WJEC CBAC